



Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

Tuarascáil Bhliantúil

agus Ráitis Airgeadais

2021



Maidir le Comhairle na nDochtúirí Leighis

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht rialaitheach le haghaidh dochtúirí. Tá ról reachtach aici maidir leis an bpobal a chosaint trí na caighdeáin ghairmiúla is airde a chur chun cinn i measc dochtúirí atá i mbun cleachtais i bPoblacht na hÉireann.

Ní comhaltaí míochaine tromlach na Comhairle. Tá 25 comhalta ar an gComhairle agus ní comhaltaí míochaine 13 acu siúd agus is comhaltaí míochaine an 12 eile. Ní thugann an Stát aon mhaoiniú don Chomhairle agus is táillí clárúcháin na ndochtúirí an phríomhfhoinsé mhaoinithe atá aici.

Coinníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis Clár Liachleachtóirí - Clár na ndochtúirí a bhfuil cead dlíthiúil acu obair mhíochaine a dhéanamh in Éirinn. Leagann an Chomhairle síos na caighdeáin maidir le hoideachas agus oiliúint mhíochaine in Éirinn. Déanann sí maoirsiú ar fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna ar feadh gairmréimeanna trí na ceanglais atá aici maidir le hinniúlacht ghairmiúil. Tá sé de thasc aici dea-chleachtas míochaine a chur chun cinn.

Is féidir le duine den phobal gearán a dhéanamh in aghaidh dochtúra le Comhairle na nDochtúirí Leighis.



Clár na nÁbhar

Ráiteas an Uachtaráin	2
Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	3
Ar baineadh amach in 2021 faoi Ráiteas Straitéise 2019 – 2023	6
Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2021	11
An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	12
2021 de réir na nUimhreacha	13
Tionchar Covid-19 in 2021	14
Clárúchán	16
Caighdeán Ghairmiúla – Gearáin agus Imscrúduithe	18
Caighdeán Ghairmiúla – Oiriúnacht chun Cleachtadh	20
Inniúlacht Ghairmiúil	21
Taighde	23
Oideachas agus Oiliúint	25
Seirbhísí Corparáideacha	27
Abhcóide Ginearálta	29
Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	31
Bainistiú Riosca	32
Airgeadas	33
Ráitis Airgeadais	34
Aguisíní	69
Aguisín A	70
Aguisín B	76
Aguisín C	79
Aguisín D	84

Ráiteas an Uachtaráin



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fhoilsiú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021. Tar éis bliain eachtrach eile i gcúram sláinte na hÉireann, agus mo chéad bhliain mar Uachtarán ar an gComhairle, tá áthas orm breathnú siar ar an méid atá bainte amach againn san am seo.

Ba mhaith liom tosú trí mo bhuíochas a ghabháil le Philip Brady as an obair iontach a rinne sé i gceannas ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis tar éis do Bill Prasifka éirí as go luath in 2020. Rinne Philip jab iontach ag treorú na heagraíochta trí chás nach raibh súil ar bith leis nuair a tháinig Covid-19 chun cinn, agus thairg sé tacaíocht agus ceannaireacht ar bhealach socair, suaimhneach.

Bhí Philip i gceannas go dtí Aibreán 2021, nuair a ghlac Leo Kearns le ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don chéad bhliain ag Leo mar CEO. Ní raibh sé éasca ceannas a ghlacadh i lár paindéime domhanda, agus tá jab den chéad scoth déanta ag Leo, rud a thug taithí agus léargas ollmhór don eagraíocht.


Bhí roinnt imeachtaí ann in 2021 a chuaigh i bhfeidhm ar an tírdhreach leighis in Éirinn. Bhain ceann de na hábhair is suntasaí le hathruithe ar rochtain ar oiliúint do dhochtúirí neamh-AE. Tá géarchéim lucht saothair leighis ag cur as d'Éirinn, agus chonaic mé comhghleacaithe luachmhara a d'oibrigh le blianta gan dóchas de dhul chun cinn gairme mar gheall ar easpa deiseanna oiliúna mar gheall ar an áit as ar tháinig siad, ag fágáil na tíre seo, chun dochair d'othair agus d'ospidéal. D'fháiltigh an Chomhairle Leighis roimh na hathruithe a d'fhógair an tAire Sláinte, agus tá súil againn rudaí dearfacha a fheiceáil ag teacht chun cinn as seo go ceann cúpla mí agus bliain.

Mar a luadh, tá géarchéim lucht saothair leighis ann, agus tá sé seo le feiceáil trí thaighde na Comhairle Leighis agus trí thuarascálacha ina dhiaidh sin. Is cúis mhór imní é líon na ndochtúirí atá ag fáil na hÉireann chun leas a bhaint as deiseanna níos mó agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr in áiteanna eile. Léirítear i dTuarascáil Tá d'Oiliúint Tábhachtach, a seoladh i mí na Nollag, saincheisteanna cosúil le bulaíocht, uaireanta oibre iomarcacha, agus easpa deiseanna oiliúna ag brú dochtúirí ar shiúl agus go bhfuil géarchéim maidir le dochtúirí a choinneáil dá bharr. Caithefear gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna córasacha seo, agus caithefear é sin

a dhéanamh ar bhealach comhoibritheach, comhtháite leis na páirtithe leasmhara go léir atá i gceist. De réir mar a thagann muid amach as am an-neamhghnách i gcúram sláinte, tá deis iontach againn anois athruithe a dhéanamh chun feabhais.

Bhí tionchar mór ag an bpaindéim ar chúram sláinte freisin, ar ndóigh, agus bealach amháin a chuaigh i bhfeidhm ar go leor daoine ná athruithe ar an gcaoi ar seachadadh cúram sláinte. Tháinig méadú ollmhór ar úsáid an teilileighis mar shampla, agus léiríodh i dtuarascáil a seoladh i mí Aibreáin conas ar tháinig méadú faoi chúig ar úsáid seirbhísí teilileighis idir Márta agus Deireadh Fómhair 2020. Ní mór coigeartuithe maidir le rochtain ar chúram sláinte cosúil leis seo a chur san áireamh freisin agus todhchaí an lucht saothair leighis á phleanáil.

Nuair a thosaigh mé mo ról mar Uachtarán i mí an Mheithimh 2021, dúirt mé go raibh mé ag iarraidh go bhfeidhmeodh an Chomhairle "mar dhroichead idir an pobal a bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí sláinte agus ar liachleachtóirí,... riachtanais na n-othar a fhreagairt agus tacú le dochtúirí". Creidim go bhfuil deis ag an gComhairle Leighis tionchar dearfach a imirt ar sheachadadh cúram sláinte in Éirinn, agus táimid ag obair ina threo sin, ar mhaithe le hothair agus dochtúirí araon. Tar éis dom a bheith i mo bhall den Chomhairle ar feadh trí bliana sular ceapadh mar Uachtarán mé, tá a fhios agam cé chomh deacair is atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir na riachtanais sin. Ach trí rannpháirtíocht, athrú ar chultúr agus athrú praiticiúil, tá athrú ar siúl, agus táim ag súil go mór lena fháil amach cad is féidir linn a bhaint amach sa dá mhí dhéag amach romhainn.



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Leo Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

I mo chéad bhliain mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis, tá áthas orm an t-athbhreithniú seo ar 2021 a chur i láthair. Ag teacht chuig an ról nua seo, creidim go bhfuil deis ann tionchar dearfach fadmarthanach a imirt ar ghairm an leighis in Éirinn, agus caighdeán an chúraim a fhaigheann othair tríd an gcuidreamh idir an pobal agus dochtúirí a bhreisiú.

Mar rialtóir ar an ngairm leighis, is é sainchúram lárnach Chomhairle na nDochtúirí Leighis ná an pobal a chosaint. Cé go mbeidh a fhios ag formhór na ndaoine go mbaineann imscrúdú ar ghearáin in aghaidh dochtúirí leis sin, níl ansin ach ceann de fhreagrachtaí na Comhairle, lena n-áirítear freisin cothabháil chlár na ndochtúirí atá i dteideal oibriú in Éirinn; rialáil ar oideachas agus oiliúint leighis fochéime, intéirigh agus speisialtóra; cothabháil inniúlachta gairmiúla do dhochtúirí; agus treoir eiticéil agus ghairmiúil a chur ar fáil do dhochtúirí.

I rith 2021, mar a tharla le gach eagraíocht, bhí tionchar fós ag Covid ar ghníomhaíochtaí na Comhairle. D'fhág srianta a bhain leis an bpaindéim nach bhféadfaí cuairteanna creidiúnaithe agus cigireachta ar shuíomhanna oideachais agus cliniciúla a reáchtáil nó go raibh siad teoranta go mór, agus mar sin b'éigean an ghníomhaíocht seo a dhéanamh go cianda. I rith na bliana, tugadh tús áite do ghearáin a mheastar go bhfuil impleachtaí sábháilteachta othar ag baint leo, agus reáchtáladh gach fiosrúchán amháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh go cianda le linn 2021. Reáchtáladh an chéad Scrúdú PRES 3 ó thús na paindéime i mí na Samhna 2021. Táimid an-airdeallach ar an strus suntasach breise a chuir paindéim Covid 19 ar dhaoine aonair agus ar institiúidí ar fud an chórais sláinte, agus táimid thar a bheith buíoch dóibh as a gcomhoibriú toilteanach leis an gComhairle ó thús go deireadh, agus as a dtiomantas leanúnach don tsábháilteacht.

Agus muid ag dul trí 2021, thosaigh an fócas ag aistriú i dtreo saincheistanna níos straitéisí. Tuigeanann Comhairle na nDochtúirí Leighis go rímhaith an tábhacht a bhaineann leis an ról atá aici i gcosaint an phobail agus tá sí ag obair go dian chun muinín an phobail a choinneáil agus an caidreamh idir an rialtóir agus an dochtúir á fheabhsú ag an am céanna. Tuigeanann an Chomhairle nach bhfuil ann ach cuid amháin de chóras cúraim sláinte i bhfad níos mó agus tá a fhios aici má tá sí chun a sainchúram a chomhlíonadh, go gcaithfidh sí a bheith ina chatalaíoch freisin d'athrú dearfach ar fud an chórais níos leithne sin.

Le roinnt blianta anuas, chuir an Chomhairle roinnt tuarascálacha ar fáil a bhaineann leis an lucht saothair leighis. Agus na tuarascálacha seo agus sonraí ó fhoinsí eile á gcur san áireamh, tá imní ar an gComhairle faoi

thraochadh agus coinneáil dochtúirí, agus na himpleachtaí atá aige seo do shábháilteacht othar agus ghairmiúil. Tá an Chomhairle tiomanta do bheith ag obair le príomhpháirtithe leasmhara eile lena n-áirítear FSS, an Roinn Sláinte agus Comhlachtaí Oiliúna larchéime chun cabhrú le dul i ngleic leis na saincheistanna seo ar bhealach comhordaithe.

Le linn 2021, dhírigh an Chomhairle ar léargas soiléir a fhorbairt de na céimeanna a chaithfidh sí a ghlacadh chun a cumas agus a hacmhainneacht a fhorbairt chun a sainchúram a chomhlíonadh. Áiríodh leis seo fócas ar fheabhsuithe ar phleanáil straitéiseach, rialachas, cultúr agus ceannaireacht, rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara, agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibriochtúil. Tugadh faoi obair shuntasach in 2021 chun ullmhú do thosú an Achta um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialta) (Leasú) (Leasú) (2020), a thabharfaidh athruithe suntasacha isteach ar an mbealach a ndéileálann an Chomhairle le gearáin.

Tá mé an-bhuíoch d'fhoireann dhíograiseach Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chuir fáilte mhór sin romham, agus a leanann ag léiriú tiomantas thar na bearta do chuspóir agus luachanna na Comhairle. Tá an-mheas agam freisin ar thacaíocht gach ball den Chomhairle a thugann faoina bhfreagrachtaí suntasacha le cúram agus críochnúlacht den chéad scoth. Go háirithe, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Dr Rita Doyle, a bhí ina hUachtarán ar an gComhairle nuair a tháinig mé isteach ar dtús, agus leis an Dr Suzanne Crowe a toghadh ina hUachtarán go gairid ina dhiaidh sin. Bhí an bheirt acu iontach ina ról, agus ina heiseamláirí de dhea-cheannaireacht.

Ag obair i gcomhpháirtíocht le baill agus baill foirne na Comhairle, agus lenár bpáirtithe leasmhara iomadúla, táim ag súil go mór le tógáil ar éachtaí 2021 sna blianta amach romhainn chun ár sainchúram a chomhlíonadh ar mhaithe le hothair agus chun tacú le dochtúirí.

Leo Kearns
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Ráiteas Straitéise 2019-2023

Leis an straitéis seo a sheachadadh shainigh an Chomhairle sé phríomhchuspóir straitéiseacha agus roinnt gníomhartha an-tábhachtach.

Is iad seo a leanas na sé phríomhchuspóir straitéiseacha don téarma seo:

1

Cinntiú go gcosnaíonn rialachán míochaine an pobal agus go dtacaíonn sé le liachleachtóirí cláraithe

2

Cinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithe i ngnéithe an oideachais, na traenála agus fhoghlaím ar feadh an tsaoil

3

Foghlaím ó thaithí le seachadadh múnla éifeachtach chuí rialúcháin a fheabhsú

4

Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

5

Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear na gairmeacha míochaine agus athruithe a mholadh

6

Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

Fís, Bunchuspóir agus Treoirphrionsabail

Fís

Cúram othar sábháilte ar ardchaighdeán, muinín an phobail i leith na ngairmeacha míochaine agus ceannaireacht i gcúram sláinte

Misean

Caighdeáin ghairmiúla a leagan síos, a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu a thacóidh le seachadadh chúram othar shábháilte ar ardchaighdeán agus dea-thorthaí othar

Treoirphrionsabail

A bheith i bhfách le hothair agus tacú le liachleachtóirí i dtimpeallacht cúraim leighis atá ag athrú

Ag feidhmiú le neamhspleáchas, cothroime agus macántacht

A bheith oscailte agus trédhearcach

Ag tógáil iontaoibhe agus measa idir liachleachtóirí, othair agus Comhairle na nDochtúirí Leighis

Ag stiúradh an chúraim sláinte agus ag imirt tionchar air

Freagrach as ár gcinntí agus ár ngníomhartha

Ar baineadh amach in 2021 faoi Ráiteas Straitéise 2019 – 2023

Cuspóir Straitéiseach

1

Cinntiú go gcosnaíonn rialachán leighis an pobal agus go dtacaíonn sé le liachleachtóirí cláraithe

- D'athbhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an mheicníocht bunaithe ar riosca chun monatóireacht a dhéanamh ar Chothabháil Inniúlacht Ghairmiúil na nDochtúirí Leighis Cláraithe. Tháinig méadú ar an gcomhlíonadh le riachtanas rollaithe i Scéim Inniúlachta Ghairmiúil ó 90 faoin gcéad go 98 faoin gcéad.
- Rinneadh breithniú ar 16 iarratas faoi alt 60 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 i.e. chinn an Chomhairle ar cheart iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun clárú liachleachtóra a chur ar fionraí go sealadach má measadh go raibh gá le hiarratas den sórt sin chun an pobal a chosaint Tugadh gnóthais don Chomhairle i sé ábhar, cuireadh cúig ábhar faoi bhráid na hArd-Chúirte, áit ar tháinig trí fhionraí alt 60 agus dhá nuair a tugadh gealltanais don Ard-Chúirt in ionad fionraíochta, ní raibh aon ghníomh á dhéanamh ag an gComhairle mar thoradh ar cúig ábhar.
- Rinne an Chomhairle 16 ábhar a bhreithniú faoi Alt 60, agus sé hiarratas chun na hArd-Chúirte, agus sé ghnóthas.
- In 2021, d'oscail agus bhreithnigh an Coiste Réamhimeachtaí ('PPC') 233 gearán nua. Cé go mbaineann go leor gearán le haon liachleachtóir amháin, baineann 28 de na gearáin a osclaíodh in 2021 le beirt liachleachtóirí nó níos mó. In 2021, ba é 287 an líon liachleachtóirí a ndearnadh gearán ina gcoinne.
- Léirítear sa líon gearán nua a osclaíodh in 2021 laghdú tuairim is 16.5% i gcomparáid leis an líon gearán a fuarthas in 2020 (279).
- Anuas ar na gearáin nua a osclaíodh in 2021, tugadh 304 gearán ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin, is é sin gearáin ina bhfuil fiosruithe fairsinge ar siúl i gcónaí. Dá bhrí sin, rinne an Coiste Réamhimeachtaí breithniú ar 537 gearán san iomlán le linn na bliana. Tháinig an Coiste ar thuairim maidir le 247 de na nithe sin le linn na tréimhse go dtí deireadh mhí na Nollag 2021.
- Díobh sin, maidir le 207 gearán, tháinig an Coiste Réamhimeachtaí ar an tuairim nach raibh ann d'aon fhianaise prima facie le gurbh fhiú beart eile a ghlacadh. Cuireadh 40 gearán faoi bhráid an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FtPC).
- Ó mhí na Bealtaine 2020, mar thoradh ar shrianta Covid-19, lean an Réamhchoiste Imeachtaí ag teacht le chéile go cianda trí Zoom. Chun clár oibre suntasach an Choiste a éascú, tá na cruinnithe cianda sceidealaithe anois le bheith ar siúl thar dhá lá.
- Lean an Fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh le comhghleacaithe rialála i ndlínsí eile chun faisnéis smachta a sholáthar agus a fháil maidir le liachleachtóirí cláraithe, agus gníomh iomchuí a ghlacadh de réir mar is gá.
- In 2021, thacaigh an Fhoireann Rialachais Chorporáidigh le 20 Cruinniú Urghnách den Chomhairle, ar aon le 12 chruinniú sceidealaithe.

Cuspóir Straitéiseach

2

Cinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaite i ngnéithe an oideachais, na traenála agus fhoghlaím ar feadh an tsaoil

- Rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis dul chun cinn ar obair maidir le forbairt caighdeán creidiúnaithe don fhorbairt ghairmiúil leanúnach don ghairm leighis. Cuireadh Céim a Dó agus a Trí den tionscadal i gcrích go rathúil.
- Ghlac an Coiste Oideachais agus Oiliúna (ETC) le Prionsabail Chreidiúnaithe Dhearbhu Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus spreag sé scoileanna leighis agus clár oiliúna iarchéime chun glacadh lena bprionsabail a bhaineann le soláthraithe oideachais agus oiliúna.
- Rinneadh athbhreithniú in 2021 ar bheartais maidir le Comhdhéanamh Foirne Measúnóra agus Coimhlint Leasa le haghaidh Foirne Measúnóra.
- Reáchtáladh 12 chruinniú de chuid an Phlean Gníomhaíochta agus Forfheidhmithe (AIP) in 2021 le dhá scoil leighis, cúig chomhlacht oiliúna iarchéime, dhá ospidéal agus trí Ghrúpa Ospidéil.
- D'fhorbair an Fheidhmeannacht Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail maidir le Céim a hAon de Chlár substaintiúil Athraithe E&T le tosú in 2022.
- Ceadaíodh timthriall nua 5 bliana de chreidiúnuithe fochéime don tréimhse 2022-2026.
- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú in 2021 ar an Treoir Faisnéise maidir le Próiseas Creidiúnaithe Fochéime, Treoir Faisnéise do Mhic Léinn agus ar an Teimpléad Tuarascála Creidiúnaithe Fochéime.

Cuspóir Straitéiseach



Foghlaim ó thaithí le seachadadh múnla éifeachtach chuí rialúcháin a fheabhsú

- D'fhorbair agus d'aontaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis Dréacht-Chreatshamhail neartaithe um Chothabháil Inniúlachta Gairmiúla.
- Cuireadh síneadh dhá bhliain leis na Socruithe reatha idir oibreoirí na Scéime Inniúlachta Gairmiúla agus Comhairle na nDochtúirí Leighis chun am a cheadú chun gach gné tacaíochta a fhorbairt don Chreatshamhail nua um Chothabháil Inniúlachta Gairmiúla.
- Cuireadh tús leis an obair ar shraith athbhreithnithe Rialacha chun Inniúlacht Ghairmiúil a Chothabháil a chuimsíonn an Creatshamhail.
- Tá clár suntasach athraithe á dhéanamh ag an gComhairle, agus tá athruithe beartaithe chun feidhm an phróisis ghearáin a fheabhsú go suntasach, lena n-áirítear:
 - Athchumrú foirne agus oiliúint de réir chlár reachtaíochta agus athraithe atá le teacht
 - Príomhtháscairí Feidhmíochta éifeachtacha a fhorbairt mar chuid den chóras bainistíochta cásanna dlí lena chinntiú go ndéantar gearáin a phróiseáil go héifeachtach, agus go dtaifeadtar staitisticí gearáin a ar bhealach trédhearcach agus úsáideach, bunaithe ar chineálacha cásanna agus méid
 - Córas éifeachtach triáise chun gearáin a chatagóiriú nuair a fhaightear iad agus chun sruthú agus bainistíocht chuí gearán a chinntiú le fócas ar rialáil bunaithe ar riosca
 - Athbhreithniú iomlán ar phróisis agus nósanna imeachta an Choiste Réamhimeachtaí de réir na reachtaíochta reatha agus atá ag teacht isteach
 - Cumasófar roinnt athruithe tábhachtacha ar an gcreat reachtach atá mar bhonn leis an bpróiseas Gearán & Imscrúdaithe leis an Acht um Ghairmeacha Rialáilte 2020. Cuid lárnach den chlár athraithe seo is ea a chinntiú go gcuirfear forálacha an Achta seo i bhfeidhm go héifeachtach agus go tráthúil. Beidh sé seo ag brath ar dhátaí tosaithe reachtaíochta

Cuspóir Straitéiseach

4

Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

- D'éascaigh an fhoireann Rialachais Chorporáidigh seisiún idirghníomhach leis an gComhairle i mí Mheán Fómhair inar cumhdaíodh téamaí amhail abhcóideacht othar, tionchar an struis ar liachleachtóirí, taithí liachleachtóirí ag dul tríd an bpróiseas gearán, agus na tacaíochtaí atá ar fáil do liachleachtóirí ón gCoiste Sláinte.
- D'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis tuarascáil a Ghrúpa Oibre ar an Teililíogheas, tráth a raibh ról lárnach ag an teililíogheas maidir le haire a thabhairt d'othair.
- Sheol Comhairle na nDochtúirí Leighis feachtas folláine do liachleachtóirí a dhírigh ar an tábhacht atá leis go dtabharfadh liachleachtóirí aire dóibh féin, go mbeadh dochtúir teaghlaigh acu agus tacaíocht a lorg nuair is gá, d'fhoill leantúint ar aghaidh ag tabhairt aire agus cóir leighis sábháilte dá n-othair.
- Bhí baint ag an Uachtarán agus ag an bPríomhfheidhmeannach le roinnt cur i láthair do pháirtithe leasmhara seachtracha maidir le cuspóir agus feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis.
- Leanadh le rannpháirtíocht le Tithe an Oireachtais i rith na bliana.
- Rinneadh feabhsuithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, lena n-áirítear an leagan amach a bharrfheabhsú agus loingseoireacht níos éasca agus cothaíodh láithreach na meán sóisialta agus forbraíodh tuilleadh é i rith na bliana.

Cuspóir Straitéiseach

5

Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear na gairmeacha míochaine agus athruithe a mholadh

- D'oibrigh an Fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe, go háirithe a foireann dlí, go dlúth leis an Stiúrthóir Gnóthaí Reachtaíochta agus leis an Roinn Sláinte agus athrú á mholadh dírithe ar an reachtaíocht atá ann cheana féin a mbeidh tionchar aige ar an bpróiseas gearán.
- Reáchtáladh roinnt cruinnithe idir foireann dlí um Ghearáin agus Imscrúduithe agus an Roinn Sláinte in 2021 chun athrú straitéiseach den sórt sin a phlé.
- Tá substaint agus ábhar don athrú beartaithe sin bunaithe ar scrúdú ar aiseolas na Foirne um Ghearáin agus Imscrúduithe ó pháirtithe gearáin, cur chuige i ndlínsí eile a scrúdú, agus taighde a dhéanamh ar fheabhsuithe féideartha ar an bpróiseas gearán.
- Tá tús céimnithe curtha le hAcht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú) 2020, agus tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tar éis tús a chur le cur i bhfeidhm na n-athruithe ábhartha.
- Lean an Chomhairle ag ullmhú do na leasuithe eile. Trí Acht 2020 déanfar roinnt athruithe le próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis, go suntasach an próiseas gearán.
- Bhí forbairt nósanna imeachta agus treoirlínte nua ag dul ar aghaidh i ndáil leis an bpróiseas nua gearán.

Cuspóir Straitéiseach

6

Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

- Lean an fhoireann Rialachais Chorporáidigh ar aghaidh ag tacú leis an nGrúpa Oibre um Oideasú Rómhainic a reáchtáil. Is é cuspóir an ghrúpa seo scrúdú a dhéanamh ar ábhair inné maidir le sábháilteacht othar maidir le cleachtais ordaithe drugaí beinsidhé-asaipín, réamhghabalain, Z-dhrugaí agus codlaidínigh le cur ar chumas na Comhairle moltaí beartais cúraim sláinte a dhéanamh agus tacú le liachleachtóirí i réimse an ordaithe shábháilte. Lean cruinnithe an Ghrúpa Oibre um Oideasú Rómhainic ar aghaidh thart ar uair amháin gach ráithe agus d'éiligh siad comhoibriú agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara go léir d'fhonn leanúint ar aghaidh ag dul chun cinn ar shaincheisteanna a bhaineann le hordú sábháilte.
- Chuir an Chomhairle Leighis téarma oifige rollta i bhfeidhm do dheichniúr ball den Chomhairle mar iarracht chun caillteanas cuimhne chorporáidigh, cultúir agus comhsheasmhachta sa chur chuige agus sa chinnteoireacht a íoslaghdú.
- D'éascaigh an Fhoireann Rialachais Chorporáidigh téarma rollta na hoifige trí thacú leis an Roinn Sláinte comhaltaí nua a aithint agus a cheapadh agus thug siad clár cuimsitheach ionduchtúcháin do na comhaltaí a bhí ag teacht isteach.
- D'éascaigh an Fhoireann Rialachais Chorporáidigh toghadh Uachtaráin nua tar éis dheireadh théarma oifige an Dr Doyle.
- Líonadh 5 fholúntas ócáideacha a d'eascair as éirí as comhaltaí na Comhairle in 2020 agus 2021.
- Thug an Fhoireann Taighde faoi thuarascáil ina leagtar béim ar dhúshláin agus ar thairbhí an teilileighis ag comhlánú cúram othair traidisiúnta duine le duine. Mar gheall ar thionchar na paindéime, bhí an tuarascáil seo níos ábhartha fós.
- Bhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis grúpa oibre teilileighis chun dúshláin agus buntáistí an teilileighis a scrúdú. Mar gheall ar thionchar na paindéime, bhí an tuarascáil a d'fhorbair agus d'fhoilsigh an grúpa oibre níos ábhartha fós.
- Le linn 2021 d'fhorbair agus chuir an Fheidhmeannacht i bhfeidhm Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS) nua d'fhoireann Chomhairle na nDochtúirí Leighis.
- D'fhorbair agus chuir an Fheidhmeannacht i bhfeidhm bogearraí feabhsaithe TFC chun cianoibrithe a chosaint ar bhogearraí mailíseacha agus cibearionsaithe.

Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2021



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán



An Dr Thomas Crotty
Leasuachtarán



An tUasal Vicky
Blomfield



An Dr. Anthony Breslin



An tUasal Teresa Bulfin



Marie Culliton, Uas.



An Dr Mary Davoren



An tUas. Ian Drennan



An tOllamh Paul
Finucane



An tUas. John
Gleeson



An tUas. Paul
Harkin



An tOll. John
Hyland



Jill Long, Uas.



An tOll. Marina
Lynch



An Dr. Michael
McGloin



An tOllamh Joe
McMenamin



An tUas. Bill
Maher



An Dr. Aoife
Mullally



An tUas. John
Murray



An Dr. Margaret
O'Riordan



An tUas. Jim
O'Sullivan



An tOll.
Mary O'Sullivan



An tUas. Ronan
Quirke



An tOll. Edna Roche

Comhaltaí den Chomhairle a ceapadh as le linn 2021

An tUas. Ian Drennan
Marie Culliton, Uas.
An tOll. Joe McMenamin
An tUas. Bill Maher
An Dr. Mary Davoren

Comhaltaí den Chomhairle a d'éirigh as le linn 2021

An tUasal Joe O'Donovan
An Dr Maeve Moran

Bhí Folúntas amháin ar an gComhairle amhail an 31 Nollaig 2021, Ball Leighis/ comhthofa (gan a bheith ina chomhairleoir, ag cleachtadh míochaine san ospidéal).

Mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit d'éascaigh an fhoireann Rialachais Chorpáraidigh an Féinmheasúnú Bliantúil agus thug an Chomhairle torthaí feabhsaithe faoi deara i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin.

Foireann Shinsearach Ceannaireachta



Leo Kearns

*An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin*



Philip Brady

*Stiúrthóir
Tionscadail
Straitéiseacha agus
Clárúcháin*



Jantze Cotter

*Stiúrthóir Forbartha
Gairmiúil agus Taighde*



William Kennedy

Stiúrthóir Rialacháin




Úna O'Rourke

*Stiúrthóir Oideachais
agus Oiliúna*



Katie Mulroy

*Stiúrthóir Gearán agus
Imscrúduithe*



Roseanne Fox

Ceann Airgeadais



Alan Gallagher

*Ceann Cumarsáide agus
Rannpháirteachais le
Páirtithe Leasmhara*



Marion Mitchell

*Ceann Acmhainní
Daonna*



Johanna Morris

Abhcóide Ginearálta



Ruth Rock

*Ard-Abhcóide
Comhlach*




Ann Curran

Ceann Clárúcháin

2021 de réir na nUimhreacha


25,953

LÍON NA nDOCHTÚIRÍ AR AN gCLÁR



Miondealú ar an bhFórsa Saothair Leighis

55% **FIR** **45%** **MNÁ**



36%



An céatadán de na dochtúirí cláraithe
ATÁ 35 BLIANA D'AOIS NÓ FAOINA BHUN



43%

**DOCHTÚIRÍ AR AN
RANNÁN
SPEISIALTÓIREACHTA**

38%

an méadú ar líon na
ndochtúirí cláraithe le
deich mbliana anuas



59%

An céatadán de na
dochtúirí cláraithe
a fuair a gcáilíocht
in Éirinn



15%

An céatadán a
fuair a gcáilíocht i
mBallstát eile den AE/LEE



233

LÍON NA nGEARÁN
A FUARTHAS

26%

An céatadán de na cleachtóirí a
fuair a bpríomhcháilíocht taobh
amuigh d'Éirinn nó Ballstát
eile den AE/LEE



Tionchar Covid-19 in 2021

Ach an oiread le 2020, is féidir a rá gur thug tionchar Covid-19 ar an gComhairle dúshlán don eagraíocht, thástáil sí a cumas gnó a dhéanamh ach léirigh sí go raibh Comhairle na nDochtúirí Leighis éifeachtach ag dul i ngleic leis na dúshláin sin agus iad curtha in oiriúint go maith do bhealaí nua oibre, agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag cur lenár gcumas cianda.

D'fhan oifigí Chomhairle na nDochtúirí Leighis i dTeach Kingram dúnta d'fhorhóir na foirne agus don phobal ón 16 Márta 2020, nuair ab éigean don oifig dúndadh mar gheall ar chás féideartha Covid-19, cúpla lá sular cuireadh srianta náisiúnta i bhfeidhm. Cé gur coinníodh láithreach bheag foirne i dTeach Kingram, tar éis an chéad dúndadh síos, ceanglaíodh ar fhorhóir na foirne oibriú ón mbaile le linn 2021. D'athlonnaigh an Chomhairle chuig Teach Europa go sealadach chun oibreacha meicniúla, leictreacha agus mionchóirithe a cheadú i dTeach Kingram.

Ag pointí éagsúla in 2021, idir na srianta éagsúla, thosaigh líon beag ball foirne ag filladh ar an oifig ar feadh tréimhsí gearra ama de réir ár bpleananna sláinte agus sábháilteachta agus beartais Covid.

I rith 2021, lean cruinnithe den Chomhairle, cruinnithe Coiste agus cruinnithe foirne ar aghaidh go cianda.

Le linn 2021, chloígh an Chomhairle Leighis go dúthachtach le treoir sláinte poiblí maidir le Covid-19.

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Tá ardáin ar líne á n-úsáid ag an gComhairle den chuid is mó, don chuid is mó de 2021 chun Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a éisteacht go cianda. Thug sé seo deis don Chomhairle leanúint ar aghaidh le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus ar an gcaoi sin ceadú don Chomhairle aghaidh a thabhairt ar riaráiste na gcásanna atá ag fanacht le héisteacht.

Chualathas 25 fiosrúchán san iomlán in 2021; reáchtáladh 24 fiosrúchán go cianda agus fiosrúchán amháin mar hibrid – iad araon scartha go sóisialta de réir threoir sláinte poiblí agus roinnt rannpháirtithe a bhí i gceist go cianda.

Éisteadh éisteachtaí deimhniúcháin Ard-Chúirte go pearsanta agus go cianda de réir srianta sláinte poiblí ag an bpointe ama.

Gearáin agus Imscrúduithe

Ó thosaigh paidéim COVID-19, i bhfianaise ról rialála Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus an brú ar dhochtúirí nach bhfacthas riamh cheana le linn na tréimhse seo, ghlac Comhairle na nDochtúirí Leighis an cinneadh oiriúnú go solúbtha dá ról rialála, lena n-áirítear a próiseas gearán. Poiblíodh an cur chuige seo ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh páirtithe leasmhara. Tá tús áite tugtha ag an bhFoireann um Gearáin agus Imscrúduithe d'éisteachtaí agus do ghníomhartha riachtanacha, agus gearáin a bhfuil baol mór iontu do shábháilteacht othar ó thús na paidéime. Rinneadh triáis ar chásanna nach bhfuil baol mór iontu do shábháilteacht othar agus osclaítear iad ar bhonn leanúnach nuair a cheadaíonn acmhainn. Tagann an Coiste Réamhimeachtaí le chéile go cianda go fóill, agus tá dul chun cinn á dhéanamh le gearáin. Uaireanta bhí moill ar aighneachtaí, tuarascálacha nó taifid a fháil mar gheall ar thionchar COVID-19 sa tseirbhís sláinte.

An Stiúirthóireacht um Inniúlacht Ghairmiúil, Taighde agus Eitic

In 2021, bhí srianta Covid-19 fós ag cur ar fheidhmeanna Measúnaithe Feidhmíochta, ba iad na feidhmeanna is suntasaí ná iad siúd a raibh cuairteanna suímh ag teastáil uathu. Mar sin féin, aithníodh agus cuireadh chun cinn gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a sheachadadh go cianda. Cé go bhfuil roinnt gnéithe den mheasúnú oiriúnach do chuir chuige cianda leanúnach, teastaíonn measúnú ar an láthair ó ghnéithe eile.

Stiúirthóireacht Oideachais & Oiliúna

Bhí roinnt moilleanna agus mórcheisteanna ann a raibh tionchar acu ar sheachadadh roinnt cuspóirí sa phlean gnó Oideachais agus Oiliúna mar gheall ar mheascán de srianta Covid-19 agus cineál casta an tionscadail Athbheithnithe ar Chaighdeán agus an próiseas aitheantais speisialtacha.

Péire q raibh ceisteanna móra le sárú acu ba ea:

- Cinneadh a dhéanamh maidir le cén Roinn Anatamaíochta ba cheart tosaíocht a thabhairt de sa timthriall cigireachta
- An próiseas iniúchta maidir le suíomhanna oiliúna cliniciúla a chur i gcrích

Cuspóir amháin ina thángthas ar mhioncheist ba ea an próiseas creidiúnaithe iomlán do 1 chlár fochéime agus 13 clár iarchéime oideachais agus oiliúna leighis a bhí faoi réir srianta mar gheall ar Covid-19. Cuireadh creidiúnú fochéime amháin agus ocht gcreidiúnú iarchéime i gcrích.

Stiúrthóireacht Clárúcháin

Lean clárúchán ag obair go cianda agus chuir sé seirbhís iomlán ar fáil lena n-áirítear seirbhísí láimhseála glaonna. Mar gheall ar an bpaindéim, cuireadh scrúduithe Chóras Scrúdaithe Réamhchláraithe (PRES 3) ar ceal. Is scrúdú eolais agus scileanna cliniciúla é an PRES 3 go príomha i bpríomhdhisciplíní cliniciúla an Cnáimhseachais agus na Gíniceolaíochta, Péidiatraic, Síciatracht, Máinliacht, agus Leigheas / Cleachtadh Ginearálta. D'fhéadfadh go mbeadh ar liachleachtóirí a fuair oiliúint lasmuigh den AE nó den LEE agus a bhfuil sé i gceist acu clárú a dhéanamh i sainroinn ghinearálta nó faoi oiliúint ar chlár Chomhairle na nDochtúirí Leighis an scrúdú a dhéanamh. Reáchtáladh an chéad suí de scrúdú PRES 3 ó Fhómhar 2019 i mí na Samhna 2021.

Mar fhreagra ar phaindéim Covid-19, thug an Rialtas reachtaíocht éigeandála isteach trína bhféadfadh liachleachtóirí a bhí cláraithe roimhe seo iarratas a dhéanamh chun a n-ainm a chur ar ais ar an gclár d'fhonn cabhrú le feachtas "Bí ar glao-dhualgas d'Éirinn" de chuid FSS. Clárú sealadach a bhí ann agus bhí sé le dul in éag ar an 30 Meitheamh 2020 ach mar gheall ar an bpaindéim leanúnach, cuireadh síneadh leis go dtí an 30 Meitheamh 2022. I mí na Nollag 2021 scríobh Comhairle na nDochtúirí Leighis chuig 277 liachleachtóir ag moladh go raibh síneadh á chur le clárú covid go dtí an 30 Meitheamh 2022.

Maidir le hiarratais chéaduaire, lean moill bheag ar roinnt iarratas a phróiseáil, amhail moilleanna ar cháipéisíocht tacaíochta ag teacht ó údarais inniúla eile, mar shampla, teastais dea-chlú, etc.

Chun aghaidh a thabhairt ar roinnt teorainneacha córais bhí bunachar sonraí agus córas nua clárúcháin á chur i bhfeidhm le tástáil agus forbairt i rith 2021 agus beartaíodh dáta beo den chéad chéim in R1 2022.

Filleadh ar obair oifigbhunaithe

Bhog Comhairle na nDochtúirí Leighis chuig cóiríocht shealadach le linn na paindéime chun go bhféadfaí uasghrádú a dhéanamh ar oibreacha meicniúla, leictreacha agus mionchóirithe i dTeach Kingram. Tá an obair seo riachtanach chun riachtanais léasa agus reachtaíochta a éascú. Tá moill shuntasach ar thairiscint agus tosú oibreacha gaolmhara mar gheall ar an bpaindéim.

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis ag obair le líon laghdaithe foirne ar an láthair i gcomhréir le treoir an Rialtais agus na Sláinte Poiblí. Chuaigh sé seo i bhfeidhm ar gach gné d'fheidhmeanna na Feidhmeannachta. Agus deireadh á chur le srianta, bhí an fhoireann ag fillleadh ar obair ar an láthair. Tá beartas oibre Hibrideach á ullmhú ag an gComhairle ina sainmhínítear na critéir chun meascán d'obair ar an suíomh agus lasmuigh den láthair a éascú. Tá sé seo fós á fhorbairt, ach tá an fhoireann ag fillleadh ar an oifig bunaithe ar riachtanais ghnó. Bheadh tionchar ag múnla iomlán cianoibre ar éifeachtúlacht ghnó, ar chomhoibriú, agus ar chultúr na heagraíochta.

Bainistiú Riosca

Mar ullmhúchán do bhogearraí bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm, chuir an Fheidhmeannacht tús le hathbhreithniú ar gach tuairisceoir, rialú agus rangú riosca. Cruthaíodh dhá chlár riosca nua chun athrú eagraíochtúil inmheánach a léiriú, agus baineadh nó íosghrádaíodh rioscaí a bhaineann le Covid-19 chun inoiriúnaitheacht Chomhairle na nDochtúirí Leighis a léiriú d'athrú ina mhúnla oibre.

Sábháilteacht agus Sláinte

Le linn 2021, chloígh an Chomhairle Leighis go dúthachtach le treoir sláinte poiblí maidir le Covid-19. Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis ag cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (arna leasú) agus leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007-2020. Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis beartais agus nósanna imeachta láidre sláinte agus sábháilteachta don fhoireann atá ag obair ar an láthair nó go cianda agus do bhaill den phobal ar mian leo freastal ar oifigí Chomhairle na nDochtúirí Leighis le linn 2021.

Clárúchán

In 2021, lean an fhoireann Clárúcháin ag obair go cianda de bharr na paidéime, ag soláthar seirbhís iomlán, lena n-áirítear áiseanna láimhseála glaonna.

I mbliana, cláraíodh 25,953 liachleachtóir le Comhairle na nDochtúirí Leighis, méadú suntasach 5% ar an líon a cláraíodh in 2020, agus méadú 38% le 10 mbliana anuas, nuair a cláraíodh 18,812 liachleachtóir in 2011.


De bharr Covid-19, cuireadh scrúduithe Chóras Scrúdaithe Réamhchláraithe (PRES 19) ar ceal in 2020. Is scrúdú eolais agus scileanna cliniciúla é an PRES 3 go príomha i bpríomhdhisciplíní cliniciúla an Cnáimhseachais agus na Gíniceolaíochta, Péidiatraic, Síciatracht, Máinliacht, agus Leigheas / Cleachtadh Ginearálta. D'fhéadfadh go mbeadh ar liachleachtóirí a fuair oiliúint lasmuigh den AE nó den LEE agus a bhfuil sé i gceist acu clárú a dhéanamh i sainroinn ghinearálta nó faoi oiliúint ar chlár Chomhairle na nDochtúirí Leighis an scrúdú a dhéanamh. Reáchtáladh an chéad suí ó Fhómhar 2019 i mí na Samhna 2021. Tugadh cuireadh do 78 n-iarrthóir a raibh cónaí orthu in Éirinn an scrúdú a dhéanamh. Chríochnaigh 54 liachleachtóir an scrúdú, áit ar éirigh le 47 duine agus inar theip ar sheachtar.

Staitisticí PRES	Pas	Teip	Iomlán
2021	47	7	54


Cheadaigh an Roinn Sláinte tréimhse forluí agus méadú ar líon na n-áiteanna d'intéirigh do 2021, cosúil leis na bearta éigeandála a cuireadh i bhfeidhm in 2020. Méadaíodh poist intéirigh chuig 854, ardú 120 post. Ag leanúint ar aghaidh ón aiseolas dearfach a fuarthas in 2020, cuireadh an tseachtain bhreise forluí ar fáil arís chun lígean d'intéirigh nua intéirigh a bhí ag críochnú a leanúint agus eolas a chur ar a n-ionad oibre nua.

Mar fhreagra ar phaindéim Covid-19, thug an Rialtas reachtaíocht éigeandála isteach trína bhféadfadh liachleachtóirí a bhí cláraithe roimhe seo iarratas a dhéanamh chun a n-ainm a chur ar ais ar an gclár d'fhonn cabhrú le feachtas "Bí ar glao-dhualgas d'Éirinn" de chuid FSS. Clárú sealadach atá ann agus bhí sé le dul in éag ar an 30 Meitheamh 2020 ach mar gheall ar an bpaindéim leanúnach, cuireadh síneadh leis go dtí an 30 Meitheamh 2022. I mí na Nollag 2021 scríobh Comhairle na nDochtúirí Leighis chuig 277 liachleachtóir ag moladh go raibh síneadh á chur le clárú Covid-19 go dtí an 30 Meitheamh 2022.


Tábla A – Líon na nDochtúirí ar an gClár



Tábla B – Anailís de réir Aoise agus Inscne



Tábla C – Dochtúirí a bhfuil clárú iomlán acu de réir Catagóire



Caighdeáin Ghairmiúla – Gearáin agus Imscrúduithe

Mar rialtóir, is é ceann de phríomhfheidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis gearáin i gcoinne liachleachtóirí a bhreithniú. Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis ar mhaithe le leas an phobail, agus is féidir léi srianta a chur i bhfeidhm ar chlárú liachleachtóra, rud a chuirfeadh srian nó deireadh le ceart liachleachtóra leigheas a chleachtadh in Éirinn.

Ní féidir le Comhairle na nDochtúirí Leighis gníomhú ach amháin maidir le clárú liachleachtóra nuair a bhíonn teipeanna tromchúiseacha de chuid an liachleachtóra i gceist le gearáin.

Déanann an Fhoireann Gearán agus Imscrúduithe idirchaidreamh le gearánaithe agus le liachleachtóirí cláraithe i ndáil le gearáin a dhéantar i gcoinne liachleachtóirí ag an gcéad chéim de phróiseas gearán Chomhairle na nDochtúirí Leighis – i.e. an chéim ina bhfuil gearáin os comhair an Choiste Réamhimeachtaí.

Ról an Choiste Réamhimeachtaí

Is é an Coiste Réamhimeachtaí an coiste a cheap Comhairle na nDochtúirí Leighis chun gearáin i gcoinne liachleachtóirí a bhreithniú de réir mar a fhaightear iad. Tá an Coiste comhdhéanta de chomhaltaí na Comhairle agus de chomhaltaí seachtracha araon, agus tá meascán de chomhaltaí leighis agus de chomhaltaí tuata araon aige.

Tugann an Coiste breithniú tosaigh ar ghearáin chun na gearáin sin a shainiú sa chás go bhfuil cás prima facie ann chun gníomh breise a dhéanamh (i.e. atreorú chuig fiosrú um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh), na gearáin sin nach gá gníomh breise a dhéanamh ina leith, agus na gearáin sin ar féidir le comhlacht eile déileáil leo, atreorú chuig scéim um inniúlacht ghairmiúil, idirghabháil nó modhanna neamhfhoirmiúla eile.

Faightear líon mór gearán gach bliain, agus stiúran an Coiste líon mór imscrúduithe i ndáil leis na gearáin seo.

Faigheann an Coiste cúnamh ó chomhaltaí na Feidhmeannachta, go háirithe aturnaetha intí a sholáthraíonn treoir agus comhairle dlí maidir le reachtaíocht ábhartha agus ábhair nós imeachta; cásoifigigh, a dhéanann imscrúduithe ar threoir an Choiste; agus oifigigh rialála a chuireann tacaíocht riaracháin riachtanach ar fáil don Choiste agus don fhoireann Feidhmiúcháin.

Ullmhaíonn an fhoireann Feidhmiúcháin doiciméid do gach cruinniú Coiste, pléann siad an comhfhreagras a leanann na cruinnithe sin, agus dréachtaíonn miontuairiscí lena bhfaomhadh. Déanann na cásoifigigh an liachleachtóir/na liachleachtóirí agus an gearánaí/na gearánaithe a thabhairt cothrom le dáta le linn an imscrúdaíthe, agus cuireann siad cinneadh an Choiste in iúl ag céim chinnidh an ghearáin.

Nuair is gá, bíonn ar an bhfoireann Feidhmeannach gearáin lena mbaineann saincheisteanna sábháilteachta othair a chur ar aghaidh chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis chun breith a dhéanamh ar cheisteanna de bhun alt 60 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 (iarratas féideartha ar chlárú liachleachtóra a chur ar fionraí).

Agus a ról á chomhlíonadh, tagann an Coiste le chéile gach 4-6 seachtaine chun gearáin a bhreithniú, mar aon le haon saincheisteanna eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn fiosruithe atá ar siúl.

Covid-19 agus an Coiste Réamhimeachtaí

Bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis agus an Coiste Réamhimeachtaí aireach faoin tionchar leanúnach a bhí ag paindéim Covid-19 ar liachleachtóirí, ar an bpobal agus ar fhoireann Chomhairle na nDochtúirí Leighis, i rith 2021.

Maidir le ról rialála Chomhairle na nDochtúirí Leighis go sonrach, agus i bhfianaise an bhrú nach bhfacthas riamh roimhe seo a bhí ar go leor liachleachtóirí le linn na tréimhse seo, ghlac Comhairle na nDochtúirí Leighis an cinneadh in 2020 oiriúnú go solúbtha dá ról rialála, go sonrach ina próiseas gearán agus ina riachtanas monatóireachta ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tugtar tús áite do shábháilteacht othar sa chur chuige seo, mar is gnách.

D'eisigh Comhairle na nDochtúirí Leighis ráiteas maidir lena rún oiriúnú go solúbtha ar a láithreán gréasáin, de réir ghníomhartha go leor comhlachtaí rialála eile.

Mar thoradh air sin, lean Comhairle na nDochtúirí Leighis mar chuid dá Choiste Réamhimeachtaí agus dá próisis um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, ag tabhairt tús áite don mhéid seo a leanas d'fhonn an pobal a chosaint:

1. Éisteacht agus gníomhartha riachtanacha, i.e. orduithe fionraí a bhí ag teastáil chun an pobal a chosaint

2. Gearáin a bhfuil ardriosca do shábháilteacht othar ag baint leo

Lean gach cásobair eile ar aghaidh chomh maith agus ab fhéidir leis an gCoiste Réamhimeachtaí agus leis an bhfoireann Feidhmiúcháin. Bhí sé ráite go sonrach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis gur mhian léi iarracht a dhéanamh aon tionchar ar pháirtithe a bhfuil baint acu le cúram sláinte a sholáthar a íoslaghdú de réir mar a lean tionchar na paidéime ar aghaidh. Ciallaíonn sé seo nach rabhthas in ann gearáin áirithe a phróiseáil go héifeachtach, nó ar chor ar bith ag amanna áirithe. Tá cumarsáid déanta ag foireann Feidhmiúcháin an Choiste Réamhimeachtaí le gearánaithe agus le páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an bpróiseas gearán ina leith seo agus thacaigh siad le gach páirtí chomh maith agus ab fhéidir leo ag an am seo agus nuair atá muid ag dul aghaidh.

Ó mhí na Bealtaine 2020, mar thoradh ar shrianta Covid-19, lean an Réamhchoiste Imeachtaí ag teacht le chéile go cianda trí Zoom. Chun clár oibre suntasach an Choiste a éascú, tá na cruinnithe cianda sceidealaithe anois le bheith ar siúl thar dhá lá.

Admhaítear in aon ghearáin a bhreithníonn an Coiste freisin na fíricí sonracha agus na cásanna ar leith ina bhfuil liachleachtóirí ag obair, lena n-áirítear creataí/treoirínte eitiiciúla ábhartha atá i bhfeidhm laistigh den timpallacht cúraim sláinte.

In 2021, d'oscail agus bhreithnigh an Coiste Réamhimeachtaí 233 gearán nua. Cé gur bhain go leor gearán le haon chleachtóir amháin, bhain 28 de na gearáin a osclaíodh in 2021 le beirt chleachtóirí nó níos mó. In 2021, ba é 287 an líon liachleachtóirí a ndearnadh gearán ina gcoinne.

Léirítear sa líon gearán nua a osclaíodh in 2021 laghdú tuairim is 16.5% i gcomparáid leis an líon gearán a fuarthas in 2020.

Anuas ar na gearáin nua a osclaíodh in 2021, tugadh 304 gearán ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin, is é sin gearáin ina bhfuil fiosruithe fairsinge ar siúl i gcónaí. Dá bhrí sin, rinne an Coiste Réamhimeachtaí breithniú ar 537 gearán san iomlán le linn na bliana 2021. Tháinig an Coiste ar tuairim maidir le 247 de na nithe sin le linn na tréimhe go dtí deireadh mhí na Nollag 2021. Den líon sin, maidir le 207 gearán, tháinig an Coiste ar an tuairim nach raibh ann d'aon fhianaise prima facie le gurbh fhiú beart eile a ghlacadh. Cuireadh 40 gearán faoi bhráid an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FtPC).

An tAcht um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020

Achtaíodh an tAcht um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020 ("Acht 2020") an 14 Deireadh Fómhair 2020. Leasaítear leis an reachtaíocht seo Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, arb é phríomhreachtaíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis é. Tá tús céimnithe curtha le hAcht 2020, agus tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tar éis tús a chur le cur i bhfeidhm na n-athruithe ábhartha. Tá an Chomhairle fós ag ullmhú do na leasuithe eile. Trí Acht 2020 déanfar roinnt athruithe le próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis, go suntasach an próiseas gearán, agus go háirithe céim thosaigh an Choiste Réamhimeachtaí den phróiseas sin.

Trí na príomhathruithe ar phróiseas an Choiste faoin reachtaíocht nua seo, beifear in ann gearáin a dhéanamh le POF Chomhairle na nDochtúirí Leighis, seachas leis an gCoiste Réamhimeachtaí; ceadóidh sé don Choiste suí i bhfochoistí; agus ligean dó glacadh le gealltanais ó liachleachtóirí, e.g. gan an t-iompar atá curtha ina leith a dhéanamh arís. Táthar ag súil go rachaidh na hathruithe suntasacha seo chun tairbhe na bpáirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint acu leis an bpróiseas gearán, agus go bhfeabhsóidh siad éifeachtúlacht agus comhréireacht an phróisis ghearán i gcoitinne.

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis ag súil le fada agus cuireann siad fáilte anois roimh na hathruithe ar Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, agus tá an Fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe agus an Coiste Réamhimeachtaí ag tnúth leis na héifeachtúlachtaí agus na buntáistí a thiocfaidh as Acht 2020. Tá nósanna imeachta agus treoirínte nua á n-ullmhú ag an bhfoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe maidir leis an bpróiseas nua gearán, tá gach ionchur dlíthiúil ábhartha á fháil, agus tá acmhainní oibríochtúla á gcur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm éasca a cheadú. Tá an Fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe ag tnúth le bheith ag obair lena pháirtithe leasmhara go léir, maidir leis an bpróiseas nua gearán a thabhairt isteach, agus tabharfaidh siad réamhfhógra faoi dhátaí tosaithe de réir mar is cuí. Leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis i mbun a phlé leis an Roinn Sláinte ar dhátaí tosaithe agus déanfaidh sí na páirtithe leasmhara go léir a nuashonrú in am trátha.

Caighdeáin Ghairmiúla – Oiriúnacht chun Cleachtadh

Bunaítear an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun fiosrúcháin a dhéanamh ar ghearáin a tharchuireann an Coiste Réamhimeachtaí.

Éistean “Painéal” na fiosruithe. Triúr comhaltaí den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, beirt chomhaltaí neamh-leighis, agus liachleachtóir amháin atá ar an bPainéal, agus ní mór do dhuine amháin de na comhaltaí ar a laghad a bheith ina b(h)all den Chomhairle. De ghnáth, chloisfeadh an Coiste fianaise maidir le fíric agus fianaise shaineolach agus ina dhiaidh sin dhéanfaidh sé cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht an liachleachtóra a ndearnadh an gearán ina choinne. Tá an fiosrúchán sin cosúil le héisteacht os comhair Cúirte nó Binse Fiosrúcháin, agus féadfar éisteacht a reáchtáil go poiblí nó go príobháideach.

As an 25 fiosrúchán a críochnaíodh le linn 2021, críochnaíodh 24 acu go cianda agus ceann go pearsanta. Ar dtús, rinneadh gach fiosrúchán cianda ar an ardán Zoom, ach i rith na bliana, bhog an Chomhairle go dtí ardán tiomnaithe éisteachtaí, a úsáideadh go rathúil ó shin.

Ról an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Tar éis don Choiste Réamhimeachtaí gearán a fhiosrú, más rud é go measann sé gur gearán tromchúiseach é, déanfaidh sé an gearán a tharchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTPC) go n-éistfear é. Is é an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh an coiste den Chomhairle a éistean fianaise agus a dhéanann cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht liachleachtóirí a bhfuil líomhaintí maidir le mí-iompar gairmiúil nó feidhmíocht ghairmiúil lag déanta ina leith.

Tá Staitisticí faoi ghearáin, cinntí agus torthaí le fáil sna hAguisíní

- Foinse na ngearán
- Gearáin de réir inscne
- Gearáin de réir an rannáin den Chlár
- Gearáin de réir aoisraoin
- Réimse Cáilíochtaí
- Cineálacha na ngearán a fuarthas
- Gearáin a mheas an PPC
- Fiosruithe um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh
- Fiosruithe a Reáchtáladh
- Torthaí
- Poiblí/Príobháideach
- Smachtbhannaí a forchuireadh
- Ionadaíocht Dhlíthiúil
- Cúiseanna le héisteachtaí príobháideacha
- Iarratais faoi Alt 60
- An Coiste Monatóireachta
- An Coiste Sláinte

Inniúlacht Ghairmiúil

Inniúlacht Ghairmiúil a Chothabháil

In 2020, thionóil Comhairle na nDochtúirí Leighis Grúpa Oibre chun forbairt ar shamhailchreat um Chothabháil Inniúlachta Gairmiúla athbhreithnithe a chur chun cinn do liachleachtóirí cláraithe chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil a bhaineann le raon feidhme an chleachtais a éascú ar bhonn níos fearr. Ullmhaíodh Cothabháil neartaithe ar Chreatshamhail Inniúlachta Gairmiúla lena n-áirítear pleanáil, athbhreithniú cleachtais, foghlaim bunaithe ar obair agus gnéithe oideachais leighis leanúnacha. Rachaidh an Dréachtshamhail seo amach i gcomhair comhairliúcháin in 2023.

Beidh sraith caighdeán creidiúnaithe um fhorbairt ghairmiúil leanúnach san áireamh sa Chreatshamhail nua freisin. In 2021, threoraigh Comhairle na nDochtúirí Leighis obair leanúnach chun sraith caighdeán creidiúnaithe um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a fhorbairt i gcomhar leis an gComhairle um Chreidiúnú d'Oideachas Leanúnach Leighis. Cuireadh Céim a Dó agus a Trí den tionscadal i gcrích go rathúil. Is éard a bhí i gceist leo sin, aiseolas a fháil ón bpobal soláthraithe forbartha gairmiúla leanúnaí chun dúshlán agus deiseanna féideartha a shainaithint a bhaineann le caighdeán chreidiúnaithe um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis síneadh leis na Socruithe reatha le hoibreoirí na Scéime Inniúlachta Gairmiúla chun am a cheadú chun gach gné tacaíochta a fhorbairt don Chreatshamhail nua um Chothabháil Inniúlachta Gairmiúla. Cuireadh tús leis an obair ar shraith athbhreithnithe Rialacha maidir le Cothabháil Inniúlachta Gairmiúil, Socruithe idir Comhairle na nDochtúirí Leighis agus oibreoirí Scéime, agus dréachtchaighdeán chreidiúnaithe um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a fhorbairt.

D'athbhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an mheicníocht bunaithe ar riosca chun monatóireacht a dhéanamh ar Chothabháil Inniúlachta Ghairmiúil na nDochtúirí Leighis Cláraithe. Trí chur chuige rialála comhréireach, tháinig méadú ar chomhlíonadh an cheanglais le bheith cláraithe i Scéim Inniúlachta Gairmiúil ó 90% go 98%. Leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ag plé le liachleachtóirí cláraithe chun rátaí cláraithe a thiomáint in 2022.

Tá obair ar siúl freisin chun monatóireacht ar chlárú don Scéim a aistriú chuig an mbunachar sonraí nua PRISM. Is é PRISM córas cothabhála clárúcháin agus bainistíochta faisnéise Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Le linn 2021, chuir an Fhoireann um Inniúlacht Ghairmiúil tacaíocht ar fáil do cheithre fhiosrúchán um Chothabháil Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Léargas ar Mheasúnú Feidhmíochta, 2021



Measúnú Feidhmíochta

Tá Measúnú Feidhmíochta deartha le bheith ina phróiseas forbartha tacúil trína nglacann liachleachtóir páirt i measúnú neamhspleách ar a fheidhmíocht i gcomhthéacs níos leithne na gcleachtas atá aige. Féachtar sa phróiseas ar an gcleachtas reatha, sainaitnítear réimsí forbartha agus tacaítear le forbairt cleachtais an liachleachtóra trí phróiseas um Pleanáil Gníomhaíochta. Dirítear sa mheasúnú ar ocht réimse maidir leis an dea-chleachtas gairmiúil.

In 2021, bhí srianta Covid-19 fós ag cur ar fheidhmeanna Measúnaithe Feidhmíochta, ba iad na feidhmeanna is suntasaí ná iad siúd a raibh cuairteanna suímh ag teastáil uathu. Mar sin féin, aithníodh agus cuireadh chun cinn gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a sheachadadh go cianda. Cé go bhfuil roinnt gnéithe den mheasúnú oiriúnach do chuir chuige cianda leanúnacha, teastaíonn measúnú ar an láthair ó ghnéithe eile.

Earcú Measúnóirí

Iarrtar ar Mheasúnóirí Feidhmíochta páirt a ghlacadh i measúnuithe.

Aithníodh riachtanas chun an linn measúnóirí feidhmíochta seo a mhéadú i dtéarma líon agus speisialtacht/cúlra leighis de.

In 2021, cuireadh tús le próiseas earcaíochta d'fhonn linn na measúnóirí oilte a mhéadú. Bhain an méid a leanas leis an bpróiseas

- An próiseas um léiriú spéise
- Gearrliostú iarratasóirí
- Oiliúint mheasúnóra, a seachadadh go cianda

Taighde

Tuarascáil Faisnéise an Fhórsa Saothair Leighis

Chuir an Fhoireann Taighde tús le hanailís a dhéanamh ar shonraí agus iad a chur i dtoll a chéile le haghaidh na Tuarascála Faisnéise ar an bhFórsa Saothair 2021, a thiomasaítear ó anailís ar shonraí bliantúla maidir le coinneáil, clárú agus tarraingt siar dheonach. Leagtar béim sa tuarascáil seo, atá le heisiúint in 2022, ar phríomhrioscaí agus ar ghníomhartha molta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna.

Tá an tuarascáil seo ag teacht leis na gnéithe seo a leanas den straitéis:

- 3.2 Déan anailís ar eolas ábhartha agus úsáid é (go himheánach agus go seachtrach) i mbealach sonraithe, le bonn eolais níos fearr a chur faoi chinntí
- 3.3 Comhoibriú le páirtithe leasmhara le roinnt eolais, eispéireas agus comhfhoghlama a spreagadh
- 4.3 Leag amach agus roinn modheolaíochtaí, oibríochtaí agus próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis le páirtithe leasmhara tábhachtacha
- 4.4 Foilsigh agus cuir gníomhaíochtaí ábhartha Chomhairle na nDochtúirí Leighis chun cinn

Tá d'Oiliúint Tábhachtach

Táirgeadh agus seoladh suirbhe 2019/2020 Tá d'Oiliúint Tábhachtach in 2021. Nuair a líon na dochtúirí faoi oiliúint an suirbhé, chuir siad sonraí tábhachtacha ar fáil chun cabhrú le Comhairle na nDochtúirí Leighis tacú le gníomh rialála réamhtheachtach lena n-áirítear cigireachtaí ar láithreáin oiliúna, uirlisí a fhorbairt chun tacú le cumarsáid níos fearr, agus gníomh chun dul i ngleic le bulaíocht agus le cloíteacht. Tá sé seo ag teacht le Cuspóir Straitéiseach 2.5 den Ráiteas Straitéise, i.e.

“Tabhair faoi nó coimisiúnaigh taighde oideachas míochaine sonraithe a théann i ngleic le téamaí straitéiseacha tábhachtacha a gcuireann caighdeán oideachas míochaine, traenála agus fhoghlaím ar feadh an tsaoil in Éirinn chun cinn”.



Rinneadh cur síos sa tuarascáil ar eispéiris liachleachtóirí faoi oiliúint agus intéiríngh faoi oiliúint i gcóras chúram sláinte na hÉireann agus scrúdaítear inti coinníollacha oibre, eispéiris ar bhulaíocht, coinneáil agus pleananna gairme, agus sláinte agus folláine liachleachtóirí atá i mbun scéimeanna oiliúna.

Tuarascáil Teilileighis

Thug an Fhoireann Taighde faoi thuarascáil ina leagtar béim ar dhúshláin agus ar thairbhí an teilileighis ag comhlánú cúram othair traidisiúnta duine le duine. Roimhe seo, bhí roinnt imní ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis faoin teilileigheas roimh an bpaindéim agus bunaíodh Grúpa Oibre chun na saincheisteanna seo a scrúdú. Ach, mar gheall ar thionchar na paindéime, bhí an tuarascáil seo níos tábhachtaí fós. Ba chóir a torthaí a mheas i gcomhthéacs thodhchaí sheachadadh an chúraim sláinte in Éirinn.

Áiríodh sa tuarascáil athbhreithniú córasach ar an litríocht ar an ábhar agus ionchorpraíodh léargas ar éifeachtacht an teilileighis i ndlínsí eile amhail an Nua-Shéalainn, an Astráil, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe, áit ar chuir an teilileigheas go mór le cúram sláinte dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair iargúlta, i measc daoine eile. Áiríodh sa tuarascáil freisin torthaí ó fhóram comhairleach le hionadaíocht ar tugadh cuireadh dóibh, comhairliúchán le baill de ghairm an leighis agus ionadaithe othar agus coimisiúnaíodh freisin taighde maidir le tuairimí poiblí ar dhearcthaí a bhaineann le teilileigheas.

Treoir maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic

Thug an Fhoireann Taighde faoi chomhairliúchán poiblí maidir leis an Treoir maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic. Forbraíodh na torthaí i dtuarascáil chuimsitheach, a scaipeadh lena athbhreithniú ag comhaltaí an Choiste agus cuireadh aiseolas i láthair mar aon le príomhthéamaí. Rinne an Fhoireann Taighde go leor rannchuidithe leis an gCoiste Eitice i rith 2021.

Straitéisí Taighde agus Sonraí

Chuir an Fhoireann Taighde tús le pleananna chun Straitéisí Taighde agus Straitéisí Sonraí eagraíochtúil a fhorbairt, agus thug siad faoi mhachnamh agus forbairt chun tacú leis an bpróiseas seo, chomh maith le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha.

Comhairliúchán agus Athbhreithniú Beartais

Forbraíodh Aighneacht uile-eagraíochtúil maidir le Nochtadh Oscailte le haghaidh Athbhreithniú ar Bheartas Nochta Oscailte FSS 2021. Tacaíodh leis seo in athbhreithniú a rinne an Fhoireann Taighde, 'Nochtadh oscailte: Dea-chleachtas sa chomhthéacs rialála idirnáisiúnta'.

Roinneadh comhairliúchán a rinne an Fhoireann Taighde, 'Comhairliúchán maidir le Leanúnachas Cúraim le Grúpaí Ionadaíochta Othar agus Dochtúirí Leighis', leis an Roinn Sláinte agus le príomhpháirtithe leasmhara eile.

Thug an Fhoireann Taighde faoi athbhreithniú freisin ar aistrithe i gcúram, 'Cúram Idirthréimhseach: Iniúchadh maidir le hAistrithe i gCúram Sláinte i gComhthéacs na hÉireann agus Idirnáisiúnta'. Thug an páipéar seo breac-chuntas ar an gcás maidir le cumarsáid shoiléir, thrédhearcach agus thráthúil, mar a úsáidtear go hidirnáisiúnta, idir suíomhanna cúraim a bheith rithabhachtach chun tacú níos fearr le leanúntas cúraim saoráideach d'othair, ag tacú leo leanúint lena dturas cúraim chun an toradh is fearr agus is sábháilte is féidir a fháil.

Rannpháirtíocht le Taighdeoirí Seachtracha

Is comhoibrithe iad Comhairle na nDochtúirí Leighis ar staidéar, *Éifeachtaí Sláinte agus Folláine an Phróisis Smachta ar Dhochtúirí in Éirinn*. Déantar iniúchadh sa taighde seo, arna mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn, ar eispéiris agus ar thuiscintí liachleachtóirí ar an bpróiseas smachta, agus ar éifeachtaí sláinte nó folláine a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcéanna. Tabharfaidh na torthaí tuiscint ar thionchar na bpróiseas smachta ar shláinte agus ar fholláine an liachleachtóra agus cuideoidh siad le feasacht ar na saincheisteanna seo a ardú do gach páirtí a bhfuil leas comhroinnte acu.

Comhdhálacha

Rinneadh an Fhoireann Taighde cur i láthair ag comhdháil bhliantúil Chumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leighis, chomh maith leis an gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar.

Oideachas agus Oiliúint

Déanann an Fhoireann Oideachais agus Oiliúna forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú ar na rialacha, na treoirlínte agus na caighdeáin maidir le hoideachas leighis agus oiliúint do cháilíochtaí bunúsacha agus speisialaithe leighis in Éirinn. Rialaíonn Coiste Oideachais agus Oiliúna na Comhairle a cuid oibre.

Beartais

Rinneadh athbhreithniú in 2021 ar bheartais maidir le Comhdhéanamh Foirne Measúnóra agus Coimhlint Leasa le haghaidh Foirne Measúnóra. Forbraíodh beartas nua freisin i ndáil le hionchur Tríú páirtí le próisis chreidiúnaithe. Chinn an Coiste Oideachais agus Oiliúna freisin glacadh le Prionsabail Chreidiúnaithe Dhearbhu Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus spreag sé scoileanna leighis agus cláir oiliúna iarchéime chun glacadh lena bprionsabail a bhaineann le soláthraithe oideachais agus oiliúna.

Doiciméid

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú in 2021 ar an Treoir Faisnéise maidir le Próiseas Creidiúnaithe Fochéime, Treoir Faisnéise do Mhic Léinn agus ar an Teimpléad Tuarascála Creidiúnaithe Fochéime. Cheadaigh an Coiste Oideachais agus Oiliúna freisin doiciméad aonair nua Treoir do Mheasúnóirí freisin is féidir a úsáid ar fud speictream iomlán an oideachais agus na hoiliúna leighis, Treoir Faisnéise nua do Chomhlachtaí Oiliúna Iarchéime agus Treoir Faisnéise do Dhochtúirí faoi Oiliúint.

Tuarascálacha Creidiúnaithe

Cheadaigh an Coiste Oideachais agus Oiliúna tuarascálacha creidiúnaithe fochéime do chlár chéime leighis Iontráil Dhíreach agus Iontráil Fochéime UCD agus do chlár céime leighis Iontráil Dhíreach Bahrain Ollscoil Leighis RCSI. Ceadaíodh tuarascálacha creidiúnaithe iarchéime maidir le hOftailmeolaíocht Leighis, Paiteolaíocht (Micribhitheolaíocht Chliniciúil, Haemaiteolaíocht, Imdhíoneolaíocht, Histeapaiteolaíocht, Néarapaiteolaíocht & Paiteolaíocht Cheimiceach) agus Ainéistiseolaíocht.

Tugadh faoi chreidiúnuithe freisin in 2021 do chlár iarchéime sa Raideolaíocht, Oinceolaíocht Radaíochta, Síciatracht (Duine Fásta Ginearálta, Seanaois, Míchumas Foghlama, Leanaí & Ógánach), Máinliacht Bhéil agus Mascaille agus Leigheas Spóirt & Aclaíochta agus beidh na tuarascálacha seo réidh le haghaidh cinneadh in 2022.

Anatamaíocht

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an t-údarás ceadúnúcháin do chleachtas na hanatamaíochta sa Stát. Rinne 78 deonú trí na cláir deontóirí sna cúig scoil anatamaíochta in Éirinn in 2021. Ba mhéadú 40 é sin ar an líon in 2020, tráth a ndearnadh 38 deonú.

Scoil Liachta	Líon na ndeonuithe anatamaíochta a fuarthas in 2021
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	0
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	20
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	22
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	29
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	7
Iomlán	78

In 2021, chuir an Cigire Anatamaíochta Anailís Sonraí um Thuairisceáin Anatamaíochta i gcrích agus cheadaigh an Coiste Oideachais agus Oiliúna í. Ceadaíodh dhá iarratas ar athrú sealbhóir ceadúnais do UCC agus TCD i rith na bliana freisin.

Próisis

Tar éis dóibh aghaidh a thabhairt ar líon beag coinníollacha a bhaineann le haitheantas na Cónaidhme Domhanda um Oideachas Leighis de Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar Ghníomhaire Creidiúnaithe, baineadh na coinníollacha sin. Ceadáíodh timthriall nua 5 bliana de chreidiúnaithe fochéime don tréimhse 2022-2026 freisin.

Chuir triúr comhalta den Choiste Oideachais agus Oiliúna, cúigear Measúnóirí agus triúr comhalta den Fheidhmeannacht oiliúint Measúnóra ar líne i gcrích in 2021. Chuir triúr comhalta den Choiste Oideachais agus Oiliúna, ceathrar Measúnóirí agus cúigear comhalta den Fheidhmeannacht oiliúint um Threoir AE i gcrích.

Monatóireacht

Tar éis Painéil nua Measúnóra Monatóireachta a bhunú do phróisis Tuairisceáin Bhliantúla fochéime agus iarchéime araon in 2020, rinneadh na próisis seo a bheachtú i rith 2021 agus cuireadh Tuarascálacha ar fáil tar éis iad a anailísiú. Rinne na Painéil Measúnóra Monatóireachta athbhreithniú freisin ar na foirmeacha Tuairisceáin Bhliantúla, a eisíodh níos luaithe ná blianta roimhe sin, mar fhreagra ar aiseolas a fuarthas ó na scoileanna agus ó na comhlachtaí leighis.

Reáchtáladh 12 chruinniú de chuid an Phlean Gníomhaíochta agus Forfheidhmithe in 2021 le dhá scoil leighis, cúig chomhlacht oiliúna iarchéime, dhá ospidéal agus trí Ghrúpa Ospidéal.

Fuarthas ceithre fhógra shuntasacha athraithe do chlár oiliúna iarchéime mar chuid den phróiseas tuairisceáin bhliantúla. Bhreithnigh an Painéal Measúnóra Monatóireachta iad seo agus ceadáíodh na moltaí a rinneadh.

Bhain an Coiste Oideachais agus Oiliúna coinníoll a bhain le clár iarchéime amháin mar gur comhlíonadh an coinníoll.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Reáchtáil Comhairle na nDochtúirí Leighis seacht gcruinniú den Fhóram Comhairleach le príomhpháirtithe leasmhara sa dara ráithe de 2021. Fuair an Coiste Oideachais agus Oiliúna cuir i láthair ón bhFeidhmeannacht maidir leis na torthaí/téamaí ó Fhóram Chomhairleacha, a bhí mar bhuntaca le sainaitheint ceithre phríomhcholún don chlár Oideachais agus Athraithe Oiliúna.

Reáchtáil an Chomhairle trí chruinniú le Comhairle Scoileanna Leighis na hÉireann, trí chruinniú Feidhmiúcháin Lónra Intéirneach agus cruinniú amháin Trípháirteach (Comhairle na nDochtúirí Leighis, Oiliúint agus Pleanáil Dochtúirí Náisiúnta, Fóram na gComhlachtaí Oiliúna Leighis larchéime) in 2021.

Thug an Fheidhmeannacht cuir i láthair don Roinn Sláinte maidir leis an bpróiseas aitheantais speisialtachta agus (ar leithligh) ar For-Speisialtachtaí, d'fhonn teagmháil a dhéanamh leis an Roinn maidir le beartais agus ról faoi seach a aontú laistigh den phróiseas aitheantais speisialtachta.

Thug an fhoireann Oideachais agus Oiliúna cur i láthair freisin maidir le rialáil oideachais agus oiliúna leighis d'Ardán na hÉireann d'Eagraíochtaí Othar, Eolaíochta agus Tionscail d'fhonn ionchur othar a mhéadú sa réimse oideachais agus oiliúna.

Rinne an fhoireann Oideachais agus Oiliúna roinnt cur i láthair don Chomhairle i rith na bliana, lena n-áirítear an Plean Feabhsúcháin Cáilíochta (Ardleibhéal), For-Speisialtachtaí, Próiseas um Speisialtachtaí a Aithint, Ionduchtú na Comhairle Nua, Nósanna imeachta Córa agus Céim a hAon den Tionscadal um Athrú Oideachais agus Oiliúna. Fuair an Coiste Oideachais agus Oiliúna cur i láthair freisin maidir le cothroime na bpróiseas agus na nósanna imeachta creidiúnaithe agus cigireachta a fheabhsú.

Tionscadail

Fostaíodh an tOllamh Derek Gallen chun Athbhreithniú fairsing neamhspleách a dhéanamh ar Rialachas Bhliain Intéirneach na hÉireann in 2021 agus tá a thuarascáil á breithniú faoi láthair.

Chuaigh an tionscadal leanúnach Athbhreithnithe ar Chaighdeán chun cinn sa dara leath den bhliain, tar éis dó seirbhísí Ollscoil Cardiff a fhostú chun ábhar fairsing na ndruchtachaighdeán a athbhreithniú agus a chur in eagar chuig cur chuige níos iontuigthe.

Chuaigh an Fheidhmeannacht i dteagmháil lena gcomhghleacaithe sa Roinn Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide chun tús a chur le forbairt na sonraíochta teicniúla do chóras leictreonach nua chun faisnéis a mhalartú le scoileanna leighis, comhlachtaí oiliúna agus suíomhanna mar chuid den phróiseas monatóireachta bliantúil.

Rinne an Fheidhmeannacht iniúchadh ar chomhlíontacht na Comhairle le Treoir an AE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint go frithpháirteach agus thosaigh siad ag cur cuid dá dtorthaí faoi bhráid an Choiste Oideachais agus Oiliúna. Leanfar den obair seo in 2022.

Fuair an Coiste comhairle dlí maidir le comhlíontacht le Cuid 10 den Acht um Chleachtóirí Leighis 2007 a bheidh mar bhuntaca le sainaitheint na n-athruithe riachtanacha ar an reachtaíocht agus ar na rialacha a chumasóidh níos fearr rialáil oideachais agus oiliúna leighis.

D'fhorbair an Fheidhmeannacht Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail maidir le Céim a hAon de Chlár substaintiúil Athraithe Oideachais agus Oiliúna le tosú in 2022.

Seirbhísí Corparáideacha

Áiseanna

Paindéim Covid-19

Lean foireann na nÁiseanna ag freagairt do phaindéim Covid-19 in 2021, ag forbairt prótacal agus ag cur rialuithe um chosc ionfhabhtaithe i bhfeidhm:

- D'éiligh sainordú rialtais do shrianta Leibhéal 5 i mí Eanáir 2021 tuilleadh coigeartuithe ar phróisis oibre ar an láthair agus leanúnachas gnó lena n-áirítear láimhseáil poist.
- Tacaíocht leanúnach d'obair chianda/hibrideach lena n-áirítear iad siúd le haghaidh eirgeanamaíochta agus measúnuithe riosca a chuirtear i bhfeidhm don fhoireann atá ag obair ón mbaile.
- Bhí gá go fóill le scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm, spásanna cruinnithe a choigeartú agus PPE a sholáthar le haghaidh córais shábháilte d'oibrithe riachtanacha ar an láthair.
- Lean Grúpa Stiúrtha Covid-19 faoi stiúir na Roinne Áiseanna agus cur i bhfeidhm na mbearta a cheadaigh an Grúpa Oibre um Fhilladh ar Oifig athbhunaithe i rith 2021.
- Chríochnaigh beirt chomhalta den Fhoireann Áiseanna oiliúint IOSH um Bainistiú Go Sábháilte i mí Iúil chun tacú le forbairt an sainchúram Sláinte agus Sábháilteachta, agus cuireadh oiliúint bhreise ar bhaill foirne mar Phríomhoibrithe i rith 2021.
- Tá sainorduithe rialtais, comhairle sláinte poiblí agus nuashonruithe sláinte agus sábháilteachta níos leithne fós á gcur san áireamh agus bearta rialaithe cuí á gcur i bhfeidhm chun fostaithe, oibrithe agus tríú páirtithe a fhreastalaíonn ar áitreabh, ar chruinnithe agus ar imeachtaí na Comhairle a chosaint.
- Bhí cruinnithe fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a atosáíodh i R4 2020 faoi réir srianta Rialtais, comhairle NPHET agus rátaí ionfhabhtaithe agus an cumas é sin a dhéanamh go sábháilte in 2021.

Tionscadal Deartha agus Athchóirithe

Rinneadh forbairt bhreise ar an tionscadal chun cumas spásúil a mheasúnú agus a fhorbairt in 2021 agus dearaí le tairiscint go luath in 2022. Fuarthas spás oifige sealadach in 2021 agus cuireadh an t-aistriú i gcrích i mí na Nollag 2021 roimh an tionscadal athchóirithe chun oibríochtaí leanúnacha a éascú agus áitreabh Theach Kingram a ghlanadh amach le haghaidh obair thógála.


Gníomhú ar son na hAeráide

Mar thoradh ar bhainistiú gníomhach an tomhaltais fuinnimh, tháinig laghdú breise ar fhigiúirí agus coigilteas éifeachtúlacht fuinnimh 46.2% faoi dheireadh na bliana 2020 in aghaidh bonnlíne (arna thuairisciú trí thairseach M&E SEAL in 2021), a sháraíonn sprioc na hearnála poiblí de 33%. Cé gur leagadh spriocanna nua d'éifeachtúlacht fuinnimh 50% agus laghdú 51% ar astaíochtaí i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus i gClár an Rialtais 2020 i bhfianaise thorthaí COP26 agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 a foilsíodh an 4 Samhain 2021, cuireadh siar go dtí 2022 cuspóir 2021 chun Clár Gníomhaíochta Comhshaoil saincheaptha a chur i bhfeidhm go rathúil agus spriocanna riachtanacha a bhaint amach d'Eagraíochtaí san Eanáil Phoiblí chun machnamh iomlán agus pleanáil straitéiseach a cheadú ag na Saoráidí agus Foirne Glasa.

d'eascair na nithe a leanas as sonraí 2020 a tuairiscíodh in 2020:

- 19.8% níos fearr ná sprioc agus conair faoileoireachta 2020
- laghdú 46.2% i gcoigiltis feidhmíochta fuinnimh
- laghdú 17.1% ar astaíochtaí CO2 ó 2019

Energy Performance Indicators - 2020

Astaíochtaí CO₂

Fuinneamh	Aonad	Bonnline	2020	2019	2018	2017	2016
Leictreachas	kgCO ₂	131,168	70,186	92,362	110,982	131,907	171,301
Teirmeach	kgCO ₂	12,303	47,670	49,866	49,295	51,222	55,549

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Bliain a bhí in 2021 a raibh tionchar mór fós ag Covid-19 uirthi, áit ar fhan an fócas ar chianrochtain shlán a choinneáil, rolladh amach leanúnach crua-earraí nua a bhaineann le Teicneolaíocht Faisnéise agus comhdhlúthú príomhfheastalaithe isteach sa scamall.

Ag tosú i R3, d'infheistigh an roinn chun Bainisteoir Slándála Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a fhostú le freagracht as saincheisteanna slándála amháil cosaint ionsaithe fíoscáireachta & bogearraí mailíseacha, feabhas a chur ar shlándáil líonra agus leanúnachas gnó.

Sa tréimhse chéanna seo, cuireadh uirlis nua teicneolaíochta faisnéise i bhfeidhm chun cianoibrithe a chosaint ar bhogearraí mailíseacha agus ar chibearionsaithe. Ba é seo an t-am freisin chun tús a chur le tógáil an bhonneagair le haghaidh PRISM, córas cothabhála clárúcháin liachleachtóirí agus bainistíochta faisnéise Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Áiríodh anseo tairseach gréasánbhunaithe do liachleachtóirí mar aon le Cúloifig le húsáid ag an bhfoireann Clárúcháin. Sna blianta romhainn, seachadfaidh an tionscadal PRISM modúil eile le haghaidh gnéithe eile de ghnó na Comhairle.

Bhain an iarracht i R4 go mór le pleanáil, ullmhú agus cur i bhfeidhm bhogadh na hoifige go dtí an spás oifige sealadach i dTeach Europa.

Mar aon le foireann na nÁiseanna, forbraíodh plean chun a chinntiú gur sholáthair an chóiríocht shealadach an leibhéal Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a theastaigh chun oibriú na Comhairle a chothabháil. Fuarthas trealamh nua Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide lena n-áirítear, Freastalaí, Balla dóiteáin agus lasca. Tugadh crua-earraí eile cosúil leis na printéirí ilfheidhmiúla, Pointí Rochtana gan Sreang, etc. anonn ó Teach Kingram agus athchumraíodh iad don áitreabh nua.

Áiríodh ar thionscnaimh eile le linn 2021:

- Uaslódáil buiséid bhliantúil SAP (Bogearraí Airgeadais) arna dhoiciméadú ag an bhfoireann Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide chun cabhrú leis an bhfoireann Airgeadais
- Obair Chomhéadain Feidhmchláir lena mbaineann bogearraí bainistíochta cásanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus córas cothabhála clárúcháin liachleachtóra agus córas bainistíochta faisnéise. Is idirghabhálaí bogearraí é Comhéadan Feidhmchláir a ligeann do dhá fheidhmchlár labhairt lena chéile
- Ullmhúchán chun úsáid a bhaint as ardán físchomhdhála slán a chuireann ar chumas dlíodóirí doiciméid chúirte a bhainistiú agus a chur i láthair
- Decision Time, bogearraí cruinnithe boird agus bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm tuilleadh

Abhcóide Ginearálta

Bunaíodh foireann an Ard-Abhcóide in 2021 chun comhairle dlí agus tacaíocht straitéiseach a chur ar fáil don Chomhairle agus don fheidhmeannas ar fud fheidhmeanna rialála agus corparáideacha uile na Comhairle.

Áirítear anseo Clárú, Oideachas agus Oiliúint, Cothabháil Inniúlacht Ghairmiúil agus Eitic. Cuireann an fhoireann seo comhairle dlí ar fáil don eagraíocht maidir le léirmhíniú reachtúil, nósanna imeachta córa, dlí riaracháin, conarthaí, dlí rialachais faisnéise, dlí fostaíochta agus gach saincheist dlí a thagann chun cinn ó lá go lá. Tá ról lárnach ag an bhfoireann freisin maidir le bheith ag obair le comhghleacaithe chun beartais, nósanna imeachta agus Rialacha rialála a dhreachtú faoinár máthair-reachtaíocht, an tAcht um Lia-Chleachtóirí 2007 (arna leasú).

Ba iad príomhphointí na foirne in 2021 bunú na foirne, agus an ról suntasach a bhí acu i dtionscadal chun cumas cianéisteachta a fhorbairt d'fhiosrúcháin, ilchonarthaí ardluacha a bhainistiú agus a chur i gcrích agus go leor de na cláir athraithe atá ar siúl a fhorbairt agus a threorú.

Tuairiscíonn an fhoireann Rialachais Faisnéise agus an Fhoireann Rialachais Chorporáidigh chuig Ceann an Abhcóide Ginearálta.

Rialachas Faisnéise

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi réir réimse leathan reachtaíochta agus teoracha Rialtais. Tugann an méid thíos nuashonrú gairid ar phríomhreachtaíocht a chomhlíonann Comhairle na nDochtúirí Leighis, agus a fheidhmíonn mar bhonn le roinnt próiseas agus nósanna imeachta inmheánacha a oibrítear ar mhaithe le leas an phobail.

Cosaint Sonraí

Mar rialaitheoir sonraí, glacann Comhairle na nDochtúirí Leighis sonraí pearsanta a fháil, a phróiseáil, a stóráil agus a scaoileadh go han-dáiríre. Bailítear na sonraí pearsanta go léir atá i seilbh Chomhairle na nDochtúirí Leighis chun a chumasú do Chomhairle na nDochtúirí Leighis a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail faoin Acht um Lia-Chleachtóirí 2007. Caitear le sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil do Chomhairle na nDochtúirí Leighis de réir an Achte um Chosaint Sonraí 2018 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

Déan tagairt d'Aguisíní chun faisnéis staitistiúil a fheiceáil a bhaineann le Cosaint Sonraí.

Saoráil Faisnéise

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi réir an Achte um Shaoráil Faisnéise 2014 agus déanann sí iarracht go leanúnach chun trédhearcacht agus oscailteacht a chur chun cinn maidir le heisiúint taifead. Chun tacú le faisnéis a bheith ar fáil ar bhealach inrochtana, foilsítear Logaí Nochta go ráithiúil ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus tá Scéim Foilseacháin nuashonraithe ar fáil anois.

Comhlíonadh

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Ceanglaítear ar chomhaltaí na Comhairle agus ar chomhaltaí sonracha den Fheidhmeannacht leasanna ábhartha a nochtadh nuair a cheaptar iad, agus nochtaí ar a leasanna a nuashonrú gach bliain, nó nuair a bhíonn aon athrú ábhartha ann. Cuirtear ráitis leasa bhliantúla na ndaoine sin a bhfuil poist ainmnithe acu faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Níor aithníodh aon leasanna ábhartha ag leibhéal na Comhairle ná na Feidhmeannachta in 2021.

An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Oibríonn an Chomhairle Leighis lena chinntiú go bhfuil prionsabail an Achte um Thús Áite do Leanaí 2015 leabaithe ar fud na heagraíochta, agus laistigh de na próisis rialála a dhéanann Comhairle na nDochtúirí Leighis ar mhaithe le leas an phobail. Tá Beartas um Chosaint Leanaí ag Comhairle na nDochtúirí Leighis chun a chinntiú go ndéantar aon ábhair a bhaineann le leanaí a mheas agus a fhreagairt mar is cuí. Tá Teagmhálaí Ainmnithe ceaptha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis atá freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta tuairiscithe cuí ionas go ndéanfar imní maidir le cosaint leanaí a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), agus/nó chuig an nGarda Síochána agus/nó chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin de réir mar is cuí.

Nochtuithe Cosanta

Soláthraíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 cosaintí do dhaoine a dhéanann nochtadh ar mhaithe le leas an phobail. In 2021, ní bhfuair Comhairle na nDochtúirí Leighis aon nochtadh cosanta de réir bhrí an Achte um Nochtadh Cosanta.

Mar chuid de thiomantas Chomhairle na nDochtúirí Leighis do chomhlíonadh an Achta um Nochtadh Cosanta, tá obair ar siúl go himhneánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcéanna, agus cuirfear oiliúint ar fáil do chomhaltaí ábhartha den Fheidhmeannacht. In 2022, tá sé i gceist ag Comhairle na nDochtúirí Leighis treoir nuashonraithe maidir le próisis Nochta Cosanta a fhoilsiú ar líne. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis ag ullmhú freisin d'achtú an Bhille um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

Stádas Comhionann agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Chearta an Duine

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta go daingean do phrionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta a chur chun cinn ina seirbhísí, ina hoibríochtaí agus ina déileálacha go léir, agus ag cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannais agus Chearta an Duine. Tá feidhm ag ár Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe lenár gcuid oibre mar rialtóir agus mar fhostóir. Trí thuiscint a fháil ar éagsúlacht daoine aonair agus trí chomhionannas agus éagsúlacht a leabú agus a chur chun cinn inár gcuid oibre, is féidir linn ár n-éifeachtacht mar rialtóir a fheabhsú agus timpeallacht chuimsitheach agus thacúil a sholáthar dár bhfoireann.

Mar chuid de thiomantas Chomhairle na nDochtúirí Leighis don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Chuimsiú, tá Oifigeach Rochtana ar fáil chun tacú le baill den phobal agus/nó den ghairm chun rochtain a fháil ar sheirbhísí Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tá gealltanas tugtha chun líon na n-oifigeach rochtana atá ar fáil a leathnú tuilleadh, chomh maith le tuilleadh oiliúna i measc na Feidhmeannachta.

De réir na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2015, cuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis ball foirne tiomnaithe ar fáil freisin chun aon ghearáin a dhéantar faoi na hAchtanna seo a phróiseáil agus a imscrúdú.

Íocaíochtaí Prasa

Mar chomhlacht poiblí, tá Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi réir na gceanglas um Íocaíocht Pras. Éilíonn an oibleagáid rialtais seo ar gach comhlacht poiblí a soláthraithe a íoc laistigh de chúig lá féilire dhéaga tar éis sonrasc bailí a fháil. Tuairiscíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis gach ráithe don Roinn Sláinte maidir le híocaíochtaí pras agus tá na tuarascálacha sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

An tAcht um Míchumas, 2005

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis iarracht a chinntiú gur féidir le gach duine faoi mhíchumas rochtain éasca a fháil ar gach seirbhís agus áis a chuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis ar fáil. Tá athchóiriú á dhéanamh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ar a ceannoifig chun rochtain agus tacaíochtaí fisiciúla don oifig a leathnú agus a fheabhsú

tuilleadh, agus leanann sí ag cur chun cinn agus ag spreagadh fostú daoine faoi mhíchumas trí gach tacaíocht agus cóiríocht riachtanach a sholáthar.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú), foilsíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis doiciméid chomhairliúcháin, tuarascálacha bliantúla, ráitis airgeadais agus ráitis straitéise i nGaeilge. Rachaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis i dteagmháil trí Ghaeilge leo siúd a iarrann é sin a dhéanamh.

Sábháilteacht agus Sláinte

Leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis ag cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (arna leasú) agus leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007-2020. Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis beartais agus nósanna imeachta láidre sláinte agus sábháilteachta don fhoireann atá ag obair ar an láthair nó go cianda agus do bhaill den phobal ar mian leo freastal ar oifigí Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Le linn 2021, chloígh an Chomhairle Leighis go dúthrachtach le treoir sláinte poiblí maidir le Covid-19.

Rialachas Corparáideach

Ceann de phríomhfheidhmeanna na foirne Rialachais Chorporáidigh is ea a ról mar rúnaíocht na Comhairle, ag tacú leis an Uachtarán agus leis an gComhairle, ag tabhairt comhairle ar gach ábhar rialachais agus reáchtáil cruinnithe na Comhairle i rith na bliana. Tá an fhoireann freagrach as a chinntiú go leantar dea-rialachas laistigh den eagraíocht agus go gcomhlíonann sí an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus dualgais reachtúla eile lena n-áirítear coimhlínt agus nochtaidh. Tá an Fhoireann Rialachais Chorporáidigh freagrach as tacú le rialachas choistí Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus Clár Ionduchtaithe agus Foghlama agus Forbartha cuimsitheach a sheachadadh do chomhaltaí na Comhairle agus an Choiste.

Soláthar

Mar chomhlacht reachtúil, cloíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis le Treoirlínte, Rialacháin agus Treoracha um Sholáthar Poiblí. Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis SOPanna soláthair, íocaíochta agus ceannaigh ábhartha, a chlúdaíonn gach saothair, soláthair, agus seirbhíse a éilíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis agus tá feidhm acu maidir le gach fostaí.

Áiríodh i measc na príomhsholáthairtí: Ardán Cianda ar líne maidir le Fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh; Córas Clárúcháin; Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS); Seirbhísí Bainistíochta Taifead, Seirbhísí Luathscríbhneoireachta agus Bainistíocht Sócmhainní agus Comhairleoireacht Infheistíochta.

Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Cumarsáid

Lean an Roinn Cumarsáide ag tacú le feidhmeanna éagsúla Chomhairle na nDochtúirí Leighis i rith 2021.

D'éascaigh an fhoireann roinnt seoltaí i rith na bliana, lena n-áirítear tuarascáil ar thionchar an Teilileighis le linn Covid-19, arna chur le chéile ag Grúpa Oibre na Comhairle maidir le Teilileigheas. Seoladh suirbhé 2019-2020 Tá d'Oiliúint Tábhachtach freisin, ag féachaint ar eispéiris na n-oiliúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama cliniciúla. Mar gheall ar shrianta leanúnacha, reáchtáladh seoltaí go fíorúil, ach cuireadh i dtábhacht obair leanúnach na Comhairle, agus tarraingíodh aird na meán sa phreas náisiúnta agus leighis.

Ina theannta sin, thacaigh an fhoireann le go leor cumarsáidí lenár liachleachtóirí cláraithe agus leis an bpobal. Réimse áirithe fócais do 2021 ba ea teagmháil leis an ngairm, agus labhair an t-iar-Uachtarán, an Dr Rita Doyle, agus an tUachtarán nua, an Dr Suzanne Crowe leis an ngairm roinnt uaireanta. Léirigh teachtaireachtaí maidir leis an mbrú méadaithe a bhí ar liachleachtóirí le linn airde na paidéime, agus na dúshlán a chruthaigh cibirionsaí FSS, an gá le féinchúram i measc liachleachtóirí.

Eisíodh ráitis freisin maidir le Lá Idirnáisiúnta na mBan, ag aithint obair na liachleachtóirí bainearna le linn Covid-19, agus ceann eile ar Lá an Bhróid, ag spreagadh liachleachtóirí cláraithe le húsáid a bhaint as deiseanna chun aitheantais agus riachtanais a n-othar LGBTI a thuiscint níos fearr.

Eisíodh ráiteas freisin chun fáilte a chur roimh na hathruithe ar rochtain ar oiliúint le haghaidh liachleachtóirí neamh-AE, mar cheann a bhí á lorg le fada ag an gComhairle.

Bhí ról tábhachtach ag an bhfoireann Cumarsáide le roinnt gníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, comhairliúcháin agus grúpaí oibre i rith na bliana.

Tháinig fás leanúnach ar líon na ndaoine atá dár leanúint ar na meáin shóisialta agus ar na leibhéil idirghníomhaíochta agus rannpháirtíochta.

Acmhainní Daonna

Is é feidhm na rannóige Acmhainní Daonna tacú leis an gComhairle agus lena fostaithe le linn shaolré a bhfostaíochta.

Ag deireadh na bliana 2021, bhí 92 fostaí ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, méadú de naonúr ón mbliain roimhe sin. Líon baill foirne nua ról den chuid is mó san fhoireann Gearán agus Imscrúduithe, sna foirne dlí agus san fhoireann Oideachais agus Oiliúna.

Rinneadh athbhreithniú ar gach beartas agus nós imeachta Acmhainní Daonna agus tugadh cothrom le dáta iad de réir threoirínte an Rialtais agus athruithe sa dlí fostaíochta.

Le linn 2021 tugadh isteach Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS) nua chun próisis acmhainní daonna Chomhairle na nDochtúirí Leighis a shruthlínú.

Tá folláine fostaithe tábhachtach do Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus de réir mar a leanann fostaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag obair ón mbaile, leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis ag tacú le folláine mheabhrach, fhisiciúil agus mhothúcháinach fostaithe, le Clár Cúnamh d'Fhostaithe a thairgeann comhairle agus comhairleoireacht d'ábhair imní pearsanta nó a bhaineann leis an obair.

Tá Grúpa Folláine tiomanta freisin ag Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis lena tiomantas d'oiliúint leanúnach, d'usoiliúint, agus d'fhorbairt a fostaithe, chomh maith le clár nua forbartha ceannaireachta a thosú, cuireadh ceardlanna ar fáil maidir le Cianobair a Bhainistiú, an Ceart chun Dícheangal agus Meabhairshláinte a Bhainistiú.

Bainistiú Riosca

De réir Chuid 7 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, oibríonn Comhairle na nDochtúirí Leighis cur chuige foirmiúil agus trédhearcach i leith na bainistíochta riosca. Cuireadh beartas bainistíochta riosca i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú air go tréimhsiúil chun foráil a dhéanamh maidir le rioscaí suntasacha laistigh de Chomhairle na nDochtúirí Leighis a shainaithint, a mheasúnú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú go leanúnach.


Bainistítear riosca i gComhairle na nDochtúirí Leighis trí athbhreithnithe foirmiúla, ráithiúla agus faomhadh ón gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) ar athruithe leis an gClár Riosca Corparáideach. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Riosca ar gach cruinniú Coiste agus soláthraíonn sé nuashonrú ar athruithe ar na cláir riosca, gluaiseacht shuntasach i ranguithe, agus freagraíonn sé aon cheisteanna ón gCoiste. Ansin cuireann Cathaoirleach an Choiste tuarascáil faoi bhráid na Comhairle ag an gcruinniú ráithiúil rialachais ina bhfuil an Príomhoifigeach Riosca ar fáil chun aon cheisteanna a fhreagairt.

D'fhág an Príomhoifigeach Riosca Comhairle na nDochtúirí Leighis ag deireadh ráithe 3 de 2021, agus sheas an Bainisteoir Rialachais agus Comhlíontachta isteach chun tacaíocht a chur ar fáil do Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus don Fheidhmeannacht d'fhonn riachtanais bhainistíochta riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis don ráithe deiridh den bhliain a chomhlíonadh.

Mar ullmhúchán do chur ar fáil bogearraí bainistíochta riosca trí chruinniú boird Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus bogearraí bainistíochta riosca, chuir an Fheidhmeannacht tús le hathbhreithniú ar gach tuairisceoir, rialú agus rangú riosca. Cruthaíodh dhá chlár riosca nua chun athrú eagraíochtúil inmheánach a léiriú, agus baineadh nó íosghradaíodh rioscaí a bhaineann le Covid-19 chun inoiriúnaitheacht Chomhairle na nDochtúirí Leighis a léiriú d'athrú ar mhúnla oibre.

Ag deireadh 2021, cheadaigh an Chomhairle creat nua bainistíochta riosca do 2022 chun athbhreithniú ar inghlacthacht, beartas agus próiseas riosca a áireamh, agus Príomhoifigeach Riosca nua a cheapadh.

Catagóirí Rioscaí de réir Ranganna (RAG)



Airgeadas

Lean an Roinn Airgeadais ag obair go cianda le linn 2021. Chun tacú le bheith ag obair ón mbaile lean foireann Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag obair go dlúth leis an bhfoireann Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide chun a chinntiú go raibh rialuithe cuí i bhfeidhm le haghaidh gach cianrochtain. Chomhlíon an Chomhairle a hoibleagáidí airgeadais ar fad le linn na bliana.

Cuireadh 3 Iniúchadh Inmheánacha i gcrích go cianda trí zoom le linn 2021, iniúchadh Airgeadais amháin, iniúchadh Measúnaithe Feidhmíochta amháin agus Iniúchadh um Shaoráil Faisnéise. Chomhoibrigh an fhoireann Airgeadais leis an bhfoireann iniúchta inmheánaigh agus chuir siad an doiciméadú ar fad ar fáil don fhoireann trí líonra slán lena chinntiú gur críochnaíodh na hiniúchtaí sceidealaithe le haghaidh 2021 go tráthúil.

Lean an Fhoireann Airgeadais leis na hathruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm i rith 2021 a bhí i gcló na Seirbhíse Poiblí agus sa reachtaíocht maidir le cúrsaí párolla, speansais agus idirbhearta airgeadais agus rinneadar é sin ar bhealach tráthúil éifeachtach. Lean an Roinn Airgeadais d'acmhainní airgeadais na Comhairle a bhainistiú ar bhealach a bhí ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus rialachais agus bhí dea-chleachtas á chur i bhfeidhm acu i rialú a cúrsaí airgeadais.

Rinneadh monatóireacht ar thuairisciú acmhainní airgeadais na Comhairle tríd an bpróiseas buiséadaithe, trí chuntais bhainistíochta mhíosúla agus ráithiúla agus trí réamhaisnéis leanúnach. D'oibrigh an fhoireann Airgeadais leis an gCoiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca chun a chinntiú go gcuirfí an Chomhairle ar an eolas go hiomlán i rith na bliana.

Tá na Ráitis Airgeadais don Bhliain 2021 ar fáil ar leathanaigh 34 go 68.

Ráitis Airgeadais

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile	35
Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle	37
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	46
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	49
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	51
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	52
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	53
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	54
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	55

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile

Eanáir- Meitheamh 2021

Uachtarán	An Dr. Rita Doyle	
Leasuachtarán	An Dr. Thomas Crotty	
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	An tUasal Philip Brady (Márta 2021) An tUasal Leo Kearns (Aibreán 2021)	
An Chomhairle	An Dr. Rita Doyle An Dr. Anthony Breslin An Dr. John Barragry An tUasal Teresa Bulfin An Dr. Thomas Crotty An Dr. Suzanne Crowe An tUas. Ian Drennan An tUas. John Gleeson An tUasal Mary Duff An tOllamh Fidelma Dunne An tUas. Paul Harkin An tOllamh John Hyland	An tOllamh Marina Lynch An Dr. Erica McGuire Vicky Blomfield, Uas. An tUas. John Murray An Dr. Maeve Moran An Dr. Aoife Mullally An tUas. Joe O'Donovan An tUas. Tom O'Higgins An tUas. Jim O'Sullivan An tOll. Mary O'Sullivan Catherine McKenna, Uas.
Oifigí	Teach Kingram Plás Kingram Baile Átha Cliath 2	
Iníúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1	
Baincéirí	Banc na hÉireann Bóthar Ráth Maonais Ráth Maonais Baile Átha Cliath 6	
Dlíodóirí	Fieldfisher, Foirgneamh Chéipil, Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7	

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile (ar lean)

Iúil - Nollaig 2021

Uachtarán	An Dr. Suzanne Crowe	
Leasuachtarán	An Dr. Thomas Crotty	
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	An tUasal Leo Kearns	
An Chomhairle	An Dr. Suzanne Crowe An Dr. Thomas Crotty An tUasal Teresa Bulfin An Dr. Anthony Breslin An tUas. Jim O'Sullivan An tUas. John Gleeson An Dr. Margaret O'Riordan An tUas. Paul Harkin An tOllamh John Hyland An tUas. Bill Maher An tOll. Edna Roche An Dr. Michael McGloin An Dr Mary Davoran	An tUas. Ian Drennan An tOllamh Marina Lynch An tUas. John Murray An tOllamh Joe McMenamin An Dr. Aoife Mullally An tOllamh Paul Finucane An tOll. Mary O'Sullivan Vicky Blomfield, Uas. An tOllamh Mary Leader An tUas. Ronan Quirke Jill Long, Uas. Marie Culliton, Uas.
Oifigí	Teach Kingram Plás Kingram Baile Átha Cliath 2	
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1	
Baincéirí	Banc na hÉireann Bóthar Ráth Maonais Ráth Maonais Baile Átha Cliath 6	
Dlíodóirí	Fieldfisher, Foirgneamh Chéipil, Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7	

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

Rialachas

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna thabhairt cothrom le dáta in 2007). Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht sin. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Sláinte agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc sin trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus lucht na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú laethúil Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ní mór don POF agus don lucht ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá ceaptha ag an gComhairle a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar oifigeach díreach idirchaidrimh idir an Chomhairle féin agus lucht bainistíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Freagrachtaí na Comhairle

An obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach sa Chreat Rialachais agus sna Téarmaí Tagartha, ina bhfuil cur síos freisin ar na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh cinnidh ón gComhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle tá:

- ▶ dearbhú leasanna,
- ▶ tuarascálacha ó na coistí,
- ▶ tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- ▶ tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ▶ ábhair fhorchoimeáda.

Éilíonn Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 ar an gComhairle gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le toiliú an Aire Airgeadais.

Ceanglaítear ar an gComhairle na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- ▶ beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- ▶ a shonrú cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a bhfuil míniú tugtha air sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis i Mí na Samhna 2021 trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas firinneach cóir i ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2021.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta d'Uachtarán, Leas-Uachtarán agus fiche a trí ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Sláinte gach duine acu. Ceapadh formhór comhaltaí na Comhairle i gcomhair téarma cúig bliana ach ceapadh cuid acu i gcomhair téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle le chéile gach dara mí. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta den Chomhairle/de Choiste	Ról	Ceapadh
An Dr. Rita Doyle	Uachtarán	15/06/2018 - 31/05/2021
An Dr. Suzanne Crowe	Uachtarán	01/06/2021
An Dr. Suzanne Crowe	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/05/2021
An Dr. Thomas Crotty	Leasuachtarán	02/07/2020
An Dr. John Barragry	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/05/2021
An tUasal Vicky Blomfield	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Erica McGuire	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/05/2021
An tUas. Tom O'Higgins	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/05/2021
An tUasal Catherine McKenna	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/05/2021
An tOllamh John Hyland	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOll. Mary O'Sullivan	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUasal Teresa Bulfin	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. John Gleeson	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUasal Mary Duff	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOllamh Fidelma Dunne	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/05/2021
An tUas. Paul Harkin	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. Jim O'Sullivan	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOllamh Marina Lynch	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/02/2021
01/06/2021	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOllamh Mary Leader	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Maeve Moran	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Aoife Mullally	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. John Murray	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. Joe O'Donovan	Gnáth-chomhalta	15/06/2018 - 31/05/2021
An tUas. Ian Drennan	Gnáth-chomhalta	04/01/2021
Jill Long, Uas.	Gnáth-chomhalta	14/06/2021
Marie Culliton, Uas.	Gnáth-chomhalta	27/08/2021
An Dr Mary Davoran	Gnáth-chomhalta	14/06/2021
An tOllamh Paul Finucane	Gnáth-chomhalta	01/06/2021
An tOllamh Joe McMenamin	Gnáth-chomhalta	01/06/2021
An Dr. Margaret O'Riordan	Gnáth-chomhalta	01/06/2021
An tUas. Jim O'Sullivan	Gnáth-chomhalta	01/06/2021
An tUas. Ronan Quirke	Gnáth-chomhalta	14/06/2021
An tOll. Edna Roche	Gnáth-chomhalta	01/06/2021
An tUas. Bill Maher	Gnáth-chomhalta	08/12/2021

Cuireadh tús le téarma 2018-2023 Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mí an Mheithimh 2018. Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar Choistí Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus cuireadh athstruchtúrú i bhfeidhm i gcásanna áirithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na gCoistí.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Bhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis naoi gCoiste, mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

Tionóladh ocht gcruinniú in 2021

Is é an tUasal Ian Drennan atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca, tar éis dó teacht in ionad an Uasail Joe O'Donovan i mí na Samhna 2021. Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar shláine na ráiteas airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na córais inmheánacha um rialáil agus bainistiú riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá seisear comhaltaí agus beirt chomhaltaí seachtracha ar an gCoiste, d'éirigh comhalta seachtrach amháin as i mí na Samhna 2021. Reáchtáladh ocht gcruinniú den Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) in 2021.

2. An Coiste Réamhimeachtaí

Tionóladh aon chruinniú déag in 2021

Bunaíodh an Coiste Réamhimeachtaí faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun gearáin thosaigh a bhreithniú agus bhí an tUasal John Gleeson ina chathaoirleach air. Reáchtáladh gach cruinniú den PPC go cianda, arna reáchtáil thar dhá lá, ag comhaireamh mar chruinniú amháin. Ag tús 2021, bhí 16 chomhalta ar PPC, 8 gcomhalta seachtracha agus 8 gcomhalta de chuid na Chomhairle. D'éirigh 5 as an gCoiste in 2021, 4 comhaltaí den Chomhairle agus 1 chomhalta amháin seachtrach. Earcaíodh 4 chomhalta nua in 2021, ar comhaltaí den Chomhairle iad ar fad, rud a d'fhág 15 chomhalta san iomlán ar an gCoiste (8 den Chomhairle agus 7 gcomhalta seachtracha).

3. An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Tionóladh cúig chruinniú is fiche in 2021

Bunaítear an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun fiosrúcháin a dhéanamh ar ghearáin a tharchuireann an Coiste Réamhimeachtaí. Is é an tUasal Paul Harkin atá mar chathaoirleach ar an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Éistean “Painéal” na fiosruithe. Triúr comhaltaí den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, beirt chomhaltaí neamh-leighis, agus comhalta leighis amháin atá ar an bPainéal, agus ní mór do dhuine amháin de na comhaltaí ar a laghad a bheith ina b(h)all den Chomhairle. Reáchtáladh 25 Fiosrúchán ar fad in 2021.

4. An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach

Tionóladh seacht gcruinniú in 2021

Dhá chuspóir atá ag an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach (RCPC): bunú agus cothabháil éifeachtach an chlár liachleachtóirí a áirithiú; agus cothabháil leanúnach ar inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a áirithiú. Trí fhochoiste a chabhraíonn agus a thacaíonn leis an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, mar atá an Fochoiste um Fheidhmíocht Measúnóirí; an Painéal um Breithniú Clárúcháin (RAP); agus an Bord um Athbhreithniú Clárúcháin (RRB). Tá deichniúr comhaltaí ar an gCoiste: ceathrar ball den Chomhairle (beirt tuata, beirt leighis) agus seisear comhaltaí neamh-Chomhairle. Is é an tUasal Anthony Breslin atá ina chathaoirleach ar an gCoiste.

5. Coiste Oideachais agus Oiliúna (ETC)

Reáchtáladh seacht gcruinniú in 2021 (1 trí ríomhphoist a scaipeadh)

Is é an Coiste Oideachais agus Oiliúna (ETC) a mhaoirsíonn riachtanais oiliúna dhochtúirí an lae amárach agus riachtanais ó thaobh oideachas leanúnach na ndaoine atá cláraithe faoi láthair. Is í an tOllamh Mary O'Sullivan cathaoirleach an ETC. Tá seisear comhaltaí den Chomhairle (beirt acu Ex Officio) agus aon chomhalta dhéag sheachtracha ar an gCoiste.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

6. An Coiste Eitice agus Gairmiúlachta

Tionóladh ocht gcruinniú in 2021

Cuireadh Coiste Eitice ar bun in Aibreán 2019 chun caighdeán Eitice agus Gairmiúlachta a leagan amach do liachleachtóirí cláraithe lena n-áirítear eagrú, foilsíú, cothabháil agus athbhreithniú treorach cuí ar gach ábhar a bhaineann leis an iompar gairmiúil agus le heitic do liachleachtóirí cláraithe; agus athbhreithniú a dhéanamh ar an “Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe” agus nuashonruithe a chruthú de réir mar is gá i rith gach téarma oifige cúig bliana. Tá 10 comhaltaí ar an gCoiste, ceathrar comhaltaí den Chomhairle agus seisear comhaltaí seachtracha. Is í an Dr Suzanne Crowe atá ina cathaoirleach ar an gCoiste.

7. An Coiste Straitéise agus Rialachais

Tionóladh sé chruinniú in 2021

Bunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an Coiste Straitéise agus Rialachais, le héifeacht ón 11 Meitheamh, 2018. Is é cuspóir an Coiste an Ráiteas Straitéise a stiúradh chun críche; monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise trí Phleananna bliantúla Gnó; faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cúrsaí Rialacháis, gearáin srl; a bheith freagrach as comhaltaí a ainmniú agus a cheapadh do Choistí agus Grúpaí ábhartha; agus clár Foghlama agus Forbartha don Chomhairle, do Choistí agus do Ghrúpaí a stiúradh. Tá seisear comhaltaí den Chomhairle ar an gCoiste, agus ceapadh beirt comhaltaí den Chomhairle i mí Lúnasa 2021. An tUasal Vicky Bloomfield atá ina cathaoirleach ar an gCoiste.

8. An Coiste Sláinte

Tionóladh seacht gcruinniú in 2021

Is é príomhról an Choiste Sláinte monatóireacht a dhéanamh agus tacú le liachleachtóirí a gclárúchán a chothabháil agus iad tinn agus/nó faoi mhíchumas. Míchumas coirp nó meabhrach a bheith ar an gcleachtóir (lena n-áirítear andúil in alcól nó i ndrugaí) agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chumas an chleachtóra míochaine nó gné áirithe di a chleachtadh an sainmhíniú a thugtar ar mhíchumas liachta iomchuí in Alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí. D'fhéadfadh liachleachtóirí den sórt sin teacht ar aird Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear féin-atreorú; atreorú ag tríú páirtí; nó atreorú ag an gComhairle.

Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle, agus tá ar an gCoiste beirt liachleachtóirí ghinearálta ar a laghad, beirt síceolaithe ar a laghad, aon lia sláinte ceirde amháin, beirt sícíteiripeoirí, agus beirt chomhaltaí thuata. Tionóladh seacht gcruinniú iomlánacha den Choiste in 2021 agus tionóladh 90 seisiún athbhreithnithe i rith na bliana tríd an ardán Zoom mar gheall ar phaindéim Covid-19. Maireann seisiún athbhreithnithe idir an bheirt chomhaltaí den Choiste agus na liachleachtóirí ar leith thart ar uair an chloig go hiondúil. Ag an seisiún athbhreithnithe, pléifidh comhaltaí an Choiste na tuarascálacha liachta a fuarthas ó ghairmithe chúram sláinte atá ag tabhairt cóireála don liachleachtóir mar aon le haon saincheisteanna eile atá ábhartha do shláinte an liachleachtóra atá iomchuí sna himthosca dar leis na comhaltaí.

9. An Coiste Monatóireachta

Tionóladh ocht gcruinniú in 2021

Is é cuspóir an Choiste Monatóireachta monatóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha a bhaineann lena (h) ainm a choinneáil ar an gClár a bheith á gcomhlíonadh ag liachleachtóir. Féadfar coinníollacha a cheangal ar chlárúchán liachleachtóra chláraithe de bhun Alt 53(3) agus/nó 71(c) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar lear mór coinníollacha a táirgeadh cheana chun cabhrú leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis nuair a bhíonn coinníollacha á gceangal le clárúchán liachleachtóra chláraithe lena chinntiú gur féidir leis an gCleachtóir agus leis an gCoiste araon comhlíonadh a dheimhniú.

Tá sceidil de chomhaltaí uile gach Coiste agus fochoiste agus grúpa athbhreithnithe leagtha amach in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe na Comhairle agus Coiste in 2021 leagtha amach in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil agus tá na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta leagtha amach thíos:

Comhalta den Chomhairle/de Choiste	Liúntais 2021	Costais 2021
R. Doyle (Uachtarán)	4,989	-
R Doyle (Uachtarán) (Táillí Locum)	36,091	-
S Crowe (Uachtarán)	-	-
An Dr. T. Crotty (Leasuachtarán)	-	-
J Barragry	3,207	78
V Blomfield	3,848	-
A Breslin	-	-
T Bulfin	7,696	-
M Duff	3,207	-
F Dunne	-	-
J Gleeson	7,696	-
P Harkin	-	-
J Hyland	7,696	-
M Leader	-	-
M Lynch	1,924	22
E Maguire	-	-
M McGloin	8,979	-
C McKenna	-	-
M Moran	-	-
A Mullally	-	-
J Murray	7,696	367
J O'Donovan	4,489	-
I Drennan	-	-
T O'Higgins	3,207	-
M O'Sullivan	7,696	-
J O'Sullivan	641	-
J McMenamin	5,772	-
M O'Riordan	3,848	-
J Long	3,848	-
P Finucane	3,848	-
R Quirke	3,848	-
	130,226	467

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Bhí beirt chomhaltaí déag sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2021 nach bhfuair liúntas ón gComhairle in 2021 faoin bPrionsabal “Duine Amháin, Tuarastal Amháin” mar atá liostaithe thuas.

Ós rud é gur rialtóir náisiúnta í Comhairle na nDochtúirí Leighis tá comhaltaí ó cheantair gheografacha forleathana páirteach inti. Tá leibhéal an liúntais Taistil agus Cothabhála a fhaigheann comhaltaí na Comhairle agus comhaltaí Choiste i gcomhréir go díreach leis an áit sa tír ina bhfuil siad ina gcónaí. Tá roinnt comhaltaí Choiste atá ina gcomhaltaí de níos mó ná coiste amháin. Tá na táillí agus na speansais iomlána a íocadh le comhaltaí Choiste in 2021 leagtha amach thíos.

Comhaltaí Comhairle agus Coiste	Liúntais 2021	Costais 2021
R Anderson	6,600	-
D Ashe	6,800	-
V Beatty	6,500	21
P Brady	3,600	-
K Bulbulia	9,000	-
A Carrigy	2,000	-
J Casey	6,300	-
S Casey	300	-
A Clarke	2,700	-
T Clarke	5,400	-
L Conroy	2,500	-
M Culliton	3,500	-
M Power	600	-
A Deane	2,400	-
M Devin	1,500	-
P Devitt	2,400	-
G Feeney	6,000	-
M Ryan	1,000	-
P Fleming	1,000	-
D Forde	2,700	-
A Gilliland	7,000	-
M Hardiman	300	-
AM Harney	3,500	-
M Houston	1,800	-
J Jenkins	7,925	-
A Johnson	3,300	-
S Kealy	6,000	-
F Keeling	3,300	-
G Knowles	1,800	-
A Lane	4,200	-
V Larkin	4,000	-
B Lewis	10,500	-
F Magee	4,800	-
C Mc Crystal	1,500	-
S McGovern	1,000	-
C McNicholas	2,000	-
D Mulcahy	4,500	-
M Murphy	5,400	-

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Comhaltaí Comhairle agus Coiste	Liúntais 2021	Costais 2021
P Murphy	2,400	-
A Ní Riain	20,700	-
J O'Connor	1,500	-
D O'Donoghue	2,000	-
F O'Kelly	4,500	-
S O'Mahoney	1,800	-
M O'Maoláin	1,800	-
G Offiah	1,800	-
M O'Riordan	1,200	-
K Perdue	4,200	-
P Plunkett	6,000	-
D Quinlan	900	-
A Quinlan	6,000	-
N Reddy	1,500	-
R Quirke	5,500	-
E Renehan	3,500	-
P Ryan	1,200	-
J Hynes	4,000	-
A Miller	1,000	-
U Martin	1,000	-
M Westwood	1,000	-
G Subramanian	1,000	-
M Button	2,000	-
	221,925	21

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Príomh-Athruithe Pearsanra

Chríochnaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tUasal Philip Brady, a théarma mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i Márta 2021, ceapadh an tUasal Leo Kearns mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua in Aibreán 2021.

Nochtadh a éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle na nDochtúirí Leighis na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas faoin gCód:

Miondealú ar Thuarastal na bhFostaithe

Déantar tuarastail Fostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Réimse sochar iomlán na bhfostaithe	Líon na bhFostaithe	
Ó - Go	2021	2020
€60,000 - €69,999	5	4
€70,000 - €79,999	4	7
€80,000 - €89,999	6	3
€90,000 - €99,999	2	-
€100,000 - €109,999	4	5
€110,000 - €119,999	1	-
€120,000 - €129,999	-	-
€130,000 - €139,999	-	1

Costais Chomhairleoireachta

Cuimsítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí a thugtar don lucht bainistíochta ach níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh leo.

	2021 €	2020 €
Comhairleoireacht Ghnó	280,841	237,755
Táillí cumarsáide	29,440	29,360
Táillí Comhairleoireachta TF	30,707	45,302
Comhairleoireacht Dí	784,257	526,274
Iomlán na gCostas Comhairleoireachta	1,125,245	838,691

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla.

	2021 €	2020 €
Costais Dhlíthiúla		
Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla	518,874	483,994
Fiosruithe faoi Chuid V (a)	1,805,556	1,722,239
Imeachtaí Ard-Chúirte agus na Cuairte Uachtaraí faoi Chuid V (b)	189,182	122,372
Iomlán	2,513,612	2,328,605

Caiteachas ar Fháilteachas

San áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tá an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2021 €	2020 €
Fáilteachas don fhoireann	8,717	8,413
Fáilteachas do choistí	3,627	4,308
Iomlán	12,344	12,721

Caiteachas taistil agus cothaithe

	2021 €	2020 €
Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas		
Foireann - Baile	1,071	5,717
Foireann - Idirnáisiúnta	-	1,043
Príomhghnó	9,869	42,907
Iomlán	10,940	49,667

Áirítear le costais ó thaobh príomhghnó costais taistil agus cothabhála do chomhaltaí na Comhairle chomh maith le finnéithe agus gearánaithe.

Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Comhairle na nDochtúirí Leighis an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán in 2021.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag:



An Dr. Suzanne Crowe
Uachtarán



An tUas. Leo Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Arna Dhátú: 23 Meitheamh 2022

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Réim Freagrachta

Aithnímhse, thar ceann an Údaráis, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú. Tá na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas é a dhíothú ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoirínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gComhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais ach amháin i gcás na dtí laige bheaga agus na laige meánaí amháin maidir le rialú inmheánach a bhfuil cur síos orthu san iniúchadh inmheánach ar na rialuithe a rinneadh i mí na Nollag 2021 atá luaite thíos.

Cumas chun Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ar a bhfuil seisear comhaltaí na Comhairle agus beirt chomhaltaí sheachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus tá an Cathaoirleach, an tUasal Ian Drennan ar dhuine acu. Tháinig an AFRC le chéile ocht n-uaire in 2021.

D'fhorbair an Coiste i gcomhar le hiniúcháirí inmheánacha Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Crowley's DFK, beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a seasamh maidir le hinghlathacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinneadh conradh le Crowley's DFK in 2021 i gcomhair téarma 4 bliana.

Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuiltear ag súil go n-oibreodh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis, chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus bearta an lucht bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm faoi bhainistíocht an Príomhoifigeach Riosca trína n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair Comhairle na nDochtúirí Leighis agus rinneadh iad sin a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhacht. Déanann AFRC athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn rialta. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as oibriú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- ▶ rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- ▶ sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- ▶ tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- ▶ tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- ▶ tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easpaí rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- ▶ sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

(ar lean)

- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht os coinne meastachán.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair agus gur chloígh Comhairle na nDochtúirí Leighis leis na nósanna imeachta sin i rith 2021. Measadh i dtír chás gurbh iomchuí maolú ar na rialacha agus ar na treoirlínte. Bhain sé seo le conarthaí le haghaidh cothabhála, glantacháin agus slándála. Bhí sampla amháin den neamhchomhlíonadh maidir le seirbhísí earcaíochta, mar gheall ar líon mór próiseas tairisceana a raibh luach agus tábhacht shuntasach ag baint leo in 2021 agus acmhainní inmheánacha teoranta cuireadh moill ar an tairiscint earcaíochta. Cuireadh tús le próiseas tairisceana do sheirbhísí earcaíochta i R1 2022 chun soláthraí a cheapadh i R2 2022.

Ba é €224,000 luach iomlán na gconarthaí sin, inar cuimsíodh an caiteachas seo a leanas;

- Cothabháil €52,000
- Glantachán €29,000
- Slándáil €11,000
- Táillí Gníomhaireachta Earcaíochta €132,000

D'athlonnaigh an Chomhairle chuig Teach Europa go sealadach chun oibreacha meicniúla, leictreacha agus mionchóirithe a cheadú i dTeach Kingram. Tar éis na hoibreacha seo a chríochnú eiseofar chuig an margadh tairiscint le haghaidh conarthaí cothabhála, glantacháin agus slándála.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Udarás chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht agus um maolú riosca. Cuireann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis eolas ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht a gcuid oibre, agus obair an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Chomhairle

na nDochtúirí Leighis atá freagrach as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe inmheánaigh. Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil i Márta 2022 ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor tharla aon sárúithe suntasacha in 2021. Aithníodh laige maidir leis an bpróiseas Soláthair, measadh gur riosca meánráta a bhí sa laige seo. Bhain na laigí le cáipéisíocht tacaíochta le haghaidh ceannachán, ag cruthú orduithe ceannaigh (PONNA) go tráthúil agus ag athrú sonraí bainc. Tugadh faoi deara freisin gur laige é tuairisciú caiteachais os cionn €25,000 (gan CBL a áireamh) ó sholáthraí amháin agus tugadh faoi deara aon chás nár leanadh nósanna imeachta iomaíocha soláthair mar laige. Tá próiseas curtha i bhfeidhm chun doiciméadú sínithe a chinntiú lena n-údaraítear aon athruithe ar shonraí bainc soláthraithe. As seo amach, ní íocfar aon sonras go dtí go luaitear PO ar an sonras. Déanfar an beartas Soláthair a nuashonrú chun an gá a léiriú le tuairisciú don Chomhairle ar chásanna inar thabhaigh an eagraíocht caiteachas os cionn €25,000 (gan CBL a áireamh) ó sholáthraí amháin agus aon chás nár leanadh nósanna imeachta soláthair iomaíocha.

Aithníodh mionlaigí i rialú inmheánach maidir leis an bpróiseas fágálaí TF agus AD atá i bhfeidhm agus na beartais agus na nósanna imeachta maoirseachta. Bhain an laige sin le ticéid gan a bheith ardaithe d'fhágálaithe de réir bheartais TFC de bharr uainiú imeacht na bhfágálaithe. Tugadh faoi athbhreithniú ar an mbeartas TFC chun a chinntiú go bhfuil sé láidir agus tá próiseas curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar dátaí bainte na bhfostaithe go léir a dhoiciméadú amach anseo.

Tá freagracht as cur i bhfeidhm na moltaí iniúcháireachta go léir tugtha do Cheannasaí na rannóige ábhartha. Tá amlíne sannta maidir le cur i bhfeidhm an mholta. Tugtar rianaire Moltaí na hIniúcháireachta cothrom le dáta agus déantar é a thuairisciú don AFRC ag gach cruinniú. Déanann an fhoireann Airgeadais maoirseacht ar na bearta a ghlac Bainistíocht chun an moladh a chur i bhfeidhm agus a thuairiscíonn siad dúnadh mholadh na hiniúcháireachta don AFRC.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Covid-19

Bhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis grúpa stiúrtha Covid-19 chomh maith le Foireann Práinnfhreagartha in 2020, inar áiríodh príomhbhaill den fhoireann Bainistíochta, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ar an eagraíocht agus chun an eagraíocht a threorú le linn ghéarchéim Covid-19. D'fhan an Grúpa Stiúrtha seo i bhfeidhm i rith 2021.


Cé gur coinníodh láithreach bheag foirne i dTeach Kingram, tar éis an chéad dúnadh síos, ceanglaíodh ar fhormhór na foirne oibriú ón mbaile. D'athlonnaigh an Chomhairle chuig Teach Europa go sealadach chun oibreacha meicniúla, leictreacha agus mionchóirithe a cheadú i dTeach Kingram. Ag pointí éagsúla in 2021, idir na srianta, thosaigh líon beag ball foirne ag filleadh ar an oifig ar feadh tréimhsí gearra ama de réir ár bpleananna sláinte agus sábháilteachta agus beartais Covid.

Rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar chlár riosca na Comhairle le linn 2021 chun rioscaí nua agus rioscaí méadaithe a léiriú mar thoradh ar an bpaindéim, de réir mar a tharla an ghéarchéim lena chinntiú go raibh maolú cuí i bhfeidhm. Cuireadh cumarsáid rialta ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon le linn 2021.

Cosúil le 2020, rinneadh athbhreithniú ar leordhóthanacht chóras na rialuithe inmheánacha trí iniúchadh inmheánach. In 2021, leanadh ag oibriú rialuithe rochtana úsáideoirí méadaithe lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do) Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) Fíordheimhnithe Ilfhiúsach (MFA) slánaithe, chun rochtain a fháil ar líonraí, córais agus feidhmchláir MHC. Lean roinn TF Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag tabhairt teorach agus feasachta ar bhonn leanúnach, maidir le cibearshlándáil agus oibriú go cianda trí mhodhanna amhail fógra ríomhphoist slándála chuig fostaithe. Ina theannta sin, déantar gach feiste de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis, lena n-áirítear gléasanna iniompartha, a chriptiú.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca breithniú ar an tionchar ar an timpeallacht rialaithe agus phléigh sé an t-iniúchadh inmheánach ar rialuithe airgeadais a dhírigh go sonrach ar na rialuithe a bhí curtha i bhfeidhm ag an gComhairle le linn Covid-19. Lean gach rialú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in 2020 le linn 2021.

Sínithe thar cheann Chomhairle na nDochtúirí Leighis



An Dr. Suzanne Crowe

Uachtarán

Arna Dhátú: 23 Meitheamh 2022

An tArd-Iniúchóir



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 de réir fhorálacha alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid thirim, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach, cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2021 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go raibh an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, a chuimsíonn an ráiteas rialachais agus tuairisc Chomhaltaí na Comhairle, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar dtuairiscim de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Mary Henry

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2022

An tArd-Iniúchóir

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as

- ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007
- chun a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a chumasú, bíodh an míshonrú sin mar gheall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi le halt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithefear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme de réir na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaos nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam:

- sainiúcháin agus measaim na rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais bíodh mar gheall ar chalaos nó earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca gan míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos a bhrath níos airde ná míshonrú ábhartha mar thoradh ar earráid a bhrath, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh seo d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.

- bainim de thátal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas Chomhairle na nDochtúirí Leighis leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor de Chomhairle na nDochtúirí Leighis leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, na nochtuithe san áireamh, agus ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha léirithe sna ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainiúchtaíonn linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirim aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má dhéanaim conclúid, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Ioncam			
Táillí Coinneála	2	12,405,452	12,074,445
Táillí Clárúcháin	2	3,438,812	2,559,910
Ioncam ilghnéitheach	2	279,432	237,140
Ioncam Iomlán		16,123,696	14,871,495
Caiteachas			
Pá agus tuarastail	3	5,686,040	4,500,005
Costais sochair scoir	3	1,407,820	1,191,568
Costais na Comhairle agus cruinnithe		325,684	359,055
Earcaíocht, oiliúint agus oideachas foirne		240,859	208,631
Cíos agus rátaí		1,117,151	1,063,379
Costais Dhlíthiúla		2,513,612	2,328,605
Riarachán ginearálta	4	1,071,643	909,561
Táillí comhairleachta agus táillí gairmiúla eile		1,125,245	838,691
Táillí airgeadais		203,406	148,544
Táillí Iniúchóireachta		24,000	21,800
Fógraíocht agus monatóireacht na meán		26,060	15,624
Caillteanas / (Gnóthachan) ar dhiúscairtí sócmhainní		(248)	(1,423)
Dímheas	6	320,020	264,013
Caiteachas Iomlán		(14,061,292)	(11,848,053)
Barrachas oibriúcháin		2,062,404	3,023,442
Gluaiseacht luacha cóir i sócmhainní airgeadais	7	4,067,700	999,981
Ús iníoctha/infhaighte		-	-
Ioncam infheistíochta		92,392	69,484
Barrachas don bhliain	11	6,222,496	4,092,907
Aistriú ó / (go) cúlchiste pinsin	11	705,000	569,000
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 1 Eanáir		36,530,757	31,868,850
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 31 Nollaig		43,458,253	36,530,757

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 54 go dtí 68 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Suzanne Crowe
Uachtarán



An tUas. Leo Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Arna Dhátú: 23 Meitheamh 2022

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Barrachas don bhliain		6,222,496	4,092,907
Caillteanas / (gnóthachain) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		800,000	(780,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha na hoibleagáide sochair scoir	10 (b)	(602,000)	(2,613,000)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10 (b)	49,000	566,000
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		6,469,496	1,265,907

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 54 go dtí 68 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Suzanne Crowe
Uachtarán

Arna Dhátú: 23 Meitheamh 2022



An tUas. Leo Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


Ráiteas ar Staid an Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Sócmhainní Neamh-Reatha			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	6	1,514,576	1,590,921
Sócmhainní Airgeadais	7	44,817,126	35,702,077
		46,331,702	37,292,998
Sócmhainní Reatha			
Infháiltais	8	1,469,957	926,318
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		4,594,232	6,810,564
		6,064,189	7,736,882
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	9	(8,917,839)	(8,479,323)
Glansócmhainní Reatha		(2,853,650)	(742,441)
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha (roimh shochair scoir)			
		43,478,052	36,550,557
Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsín	10 (b)	3,404,000	2,900,000
Oibleagáidí sochair scoir	10 (b)	(29,497,000)	(28,437,000)
Glansócmhainní		17,385,052	11,013,557
Lena léirítear			
Cúlchistí ioncaim coinnithe	11	43,478,052	36,550,557
Cúltaisce sochair scoir	11	(26,093,000)	(25,537,000)
Iomlán		17,385,052	11,013,557

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 54 go dtí 68 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Suzanne Crowe
Uachtarán

Arna Dhátú: 23 Meitheamh 2022



An tUas. Leo Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2021 €	2020 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas ioncaim thar chaiteachas	6,222,496	4,092,907
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	(553,000)	(444,000)
Dímheas agus lagú PPE	320,020	264,013
Gnóthachan ar Dhiúscairt Sócmhainní	(248)	(1,423)
Laghdú / (Méadú) ar infháltais	(543,638)	66,397
Ús a fuarthas	-	-
Méadú / (laghdú) i nithe iníoctha	438,516	323,047
Méadú / (laghdú) ar tháille shochair scoir	1,258,000	1,013,000
Fáltais ó phunann infheistíochta	(92,392)	(69,484)
Íocaíocht táille um bainistíocht punainne	44,953	44,135
Gluaiseacht luacha cóir i sócmhainní airgeadais	(4,067,700)	(999,981)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	3,027,007	4,288,611
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús a fuarthas	-	-
Costas Úis	90	288
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach	(243,729)	(384,276)
Infheistíocht i bpunann IIsócmhainní Aireach	(5,000,000)	(18,900,000)
Infheistíocht i mBannaí Eorpacha Gearrthréimhseacha	-	(4,000,000)
Gnóthachan ar Dhiúscairtí Sócmhainní	300	1,639
Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(5,243,339)	(23,282,349)
Glan Méadú / (laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid	(2,216,332)	(18,993,738)
Airgead tirim agus a shamhail amhail an 1 Eanáir	6,810,564	25,804,302
Airgead tirim agus a shamhail amhail an 31 Nollaig	4,594,232	6,810,564

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoin Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (a tugadh cothrom le dáta in 2007), agus tá ceannoifig aici ag Teach Kingram, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Is é príomhchuspóir Chomhairle na nDochtúirí Leighis ná an pobal a chosaint trí chaighdeán arda iompair ghairmiúil a chur chun cinn agus caighdeán oideachais, oiliúna agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn agus a chinntiú níos fearr i measc liachleachtóirí cláraithe mar atá leagtha amach i gCuid 2 d'Alt 6 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Aonán um Shochar Poiblí í Comhairle na nDochtúirí Leighis.

b) Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, "an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann").

c) Bonn a n-ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi chomhghnás an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a tomhaiseadh ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Airgeadais faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar a bheith ábhartha ó thaobh ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

d) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Déantar an muirear dímheasa a ríomh chun costas nó luacháil bhunaidh maoine, innealra agus trealamh, a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar a saolré úsáideach measta mar seo a leanas:

Foirgnimh	- 2% de réir méid cothrom
Feabhsuithe ar léasacht	- 5% de réir méid cothrom
Trealamh oifige	- 20% de réir méid cothrom
Daingneáin agus feistis	- 12.5% de réir méid cothrom
Trealamh ríomhaire agus forbairt bogearraí	- 33.3% de réir méid cothrom

Tá áitribh faoi réir beartas athluachála gach 5 bliana mar aon le luacháil eatramhach i mbliain 3 de réir FRS 102. Ní raibh aon áitreabh ruíse ar Chlár na Sócmhainní ar an 31 Nollaig 2021.

Is é beartas Chomhairle na nDochtúirí Leighis athluacháil a dhéanamh ar a cuid sócmhainní seasta ealaíne gach 5 bliana. Rinneadh luacháil in 2019, agus léirítear sna Ráitis Airgeadais luach margaidh reatha na saothar ealaíne liostaithe. Is mar mhíreanna caipitiúla a dhéileáiltear le costais maidir le forbairt bogearraí le haghaidh córais mhóra agus déantar iad a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta ón dáta a gcuirtear chun feidhme iad.

e) Sócmhainní Airgeadais

Luaitear sócmhainní airgeadais a shealbhaítear mar shócmhainní neamhreacha ar a luach margaidh. Tugtar cuntas ar aon bharrachais nó easnaimh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe faoi seach. Aithnítear ioncam ó shócmhainní airgeadais mar aon le haon cháin siarchoinneála ghaolmhar sa Ráiteas faoin gcuntas loncaim agus Caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte.

Tá infheistíocht ag an gComhairle i gciste ina bhfuil bannaí, cistí infheistíochta airgead tirim agus scaireanna cothromais i roinnt cuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí stoic aitheanta agus a ndéantar iad a thrádáil go gníomhach. Ní hí Comhairle na nDochtúirí Leighis a bhainistíonn an ciste ach cuireann beartas infheistíochta na Comhairle taca faoi.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Aithnítear ioncam ón bpunann infheistíochta (glan ar aon cháin siarchoinneála ghaolmhar) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte. Aithníodh an infheistíocht ar dtús ag costas agus ina dhiaidh sin rinneadh í a luacháil ag luach cóir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is ionann luach cóir agus meánphraghas na n-urrús i margadh gníomhach ar an dáta tuairiscithe tar éis aon cháin atá iníoctha ar aon bhrabús a tuilleadh a mheas. Aithnítear athruithe i luach cóir infheistíochtaí sa ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

f) Airgeadraí Eachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an lá a ullmhaíodh an Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Déantar idirbhearta in airgeadraí iasachta a aistriú go euro agus a thaifeadadh ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm lá an idirbhirt. Caitear leis na difríochtaí malartaithe dá thoradh sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

g) Ioncam

Aithnítear táillí, seachas táillí coinneála, mar ioncam sa bhliain ina bhfaightear iad. Gearrtar táillí coinneála gach bliain ar liachleachtóirí a dhéanann iarratas chun fanacht ar chlár na Comhairle. Aithnítear táillí coinneála agus ioncam eile mar ioncam sa bhliain lena mbaineann siad.

h) Ioncam ó Ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhráithe ag úsáid mhodh an ráta éifeachtúil úis.

i) Sochair Scoir

Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil di ó ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta.

Is éard atá sa mhuirear sochair scoir don SIERR ná na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse, costais seirbhíse reatha agus costais úis agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir na mball foirne a choinníonn an Chomhairle.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus taithí ó bharrachais agus easnaimh, sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill baill foirne go dtí seo. Is ionann an cúlchiste shochair aoisliúntais agus an t-easnamh maoinithe ar oibleagáidí na scéime sochair scoir.

Oibríonn an Chomhairle Scéim Shingil Pinsin aonair na Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Is scéim shochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin na seirbhíse poiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Déantar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí maidir leis an scéim aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Lena chois sin, tá ranníocaíocht fostóra iníoctha leis an RCPA freisin de réir Ciorclán RCPA 28/2016. Déantar an dliteanas i leith chomhaltaí na Scéime Aonair a mheaitseáil le sócmhainn mhaoinithe iarchurtha de réir fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne díri thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa atá nasctha leis an ráta measta boilsicthe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin thar shaolré an léasa.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

k) Infháltais

Déantar infháltais trádála a thaifeadh ar na leibhéal táillí arna gcinneadh ag an gComhairle de réir Alt 36 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Má theipeann ar Lia-Chleachtóir an Fhoirm Iarratais Coinneála Bhliantúil a chomhlánú mar aon leis an Táille Choinneála a íoc, déanfar an té sin a scrios ó Chlár na Lia-Chleachtóirí réir Alt 79 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Cealaíonn an próiseas seo an riachtanas chun soláthar a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha mar déantar na táillí arna n-eisiúint a chur droim ar ais nuair a scriostar an té sin den Chlár. Déantar infháltais eile a thaifeadh ag praghas an idirbhirt.

l) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chlár chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú mar ioncam agus mar chaiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhair agus na meastacháin sin a bheith éagsúil mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir ag amúchadh do bhearnú nuair a léirítear le heachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála.

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhoill bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing bearnú le féachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an gCeannasaí Airgeadais ar shaotha sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na ranganna maoine, innealra agus trealamh go léir, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus measadh go bhfuil saolta na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Forálacha

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol di a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin de ghnáth ar bhunús fhaisnéise stairiúla nó faisnéise ábhartha eile, arna gcoigeartú do threochtaí le tamall anuas nuair is ábhartha. Mar sin féin is meastacháin iad ar na costais airgeadais i gcás imeachtaí nach bhféadfadh tarlú go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de bharr an leibhéil éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, féadfaidh an toradh iarbhair a bheith an-difriúil ón meastachán.

Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá mar bhunús na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmaireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo
- (iii) treochtaí sna rátaí costais i leith cúraim shláinte, an ráta boilscithe maidir le costais leighis sna réigiúin ábhartha.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

2. Ioncam

Is mar seo a leanas atá na míreanna ioncaim:

	2021 €	2020 €
Táillí Coinneála		
An táille choinneála bhliantúil atá iníoctha ag Dochtúirí chun a gClárúcháin a choinneáil ar Chlár na nDochtúirí Leighis	12,405,452	12,074,445
Táillí Clárúcháin		
Intéirneacht	264,812	315,245
Clárúchán ginearálta	2,880,840	2,012,155
Cur ar ais ar Chlár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí	108,080	115,670
Táillí Clárúcháin Speisialtóirí	125,810	116,840
	3,379,542	2,559,910
Ioncam ilghnéitheach		
Táillí seirbhíse	19,090	15,400
Táillí creidiúnaithe	-	-
Scrúduithe	44,270	-
Deimhniú dea-cháile sa ghairm	193,195	151,610
Táille as íoc déanach	(200)	250
Costais dhlíthiúla aisghafa	3,000	3,000
Eile	79,347	66,880
	338,702	237,140

3. Fostaithe agus Luach Saothair

	2021 €	2020 €
Cuimsíonn costais foirne:		
Pá agus tuarastail	5,281,719	4,095,683
Costais leasa shóisialaigh	404,321	404,322
	5,686,040	4,500,005
Costais sochair scoir (Nóta 10a)	1,407,820	1,191,568
	7,093,860	5,691,573

San áireamh laistigh de chaiteachas Pá agus Tuarastail tá costais tuarastail aisíocaíochta €74,000 ar Shláinte Leanaf Éireann do thuarastal an Uachtaráin reatha.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

3.1 Asbhaintí a bhaineann le pinsin

	2021	2020
	€	€
Asbhaintí a bhaineann le pinsin	107,260	85,259
Méid dlite don Roinn ag deireadh na bliana.	8,668	8,004

3.2 Íocaíochtaí bónas

Ní dhearnadh aon íocaíocht bhónais leis an bhfoireann in 2021 ná in 2020.

3.3 Costais chomhiomlána Tuarastal Fostaithe

